AN LEABHRÁN DO MHÚINTEOIRÍ

TREOIR MAIDIR LE CONAS TABHAIRT FAOIN

# OIDEACHAS SAORÁNACHTA DOMHANDA LÁMHLEABHAR AN MHÚINTEORA

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

WorldWise Global Schools




**Ba chóir an treoir seo a úsáid i gcomhar leis an Treoir maidir le Pasanna Domhanda WWGS agus ábhair eile de chuid WWGS faoi conas a bheith ag gabháil go héifeachtach don Oideachas Saoránachta Domhanda i do scoil féin.**

**www.worldwiseschools.ie**

MEONTA
A ATHRÚ
SCILEANNA
AFHORBAIRT
CURLEIS
ANEOLAS

**Lean muid:**

WorldWiseGlobalSchools

@WorldWise_Irl

## MAIDIR LEIS AN TREOIR

Tá an treoir seo dírithe ar iar-bhunscoileanna atá ag obair chun an tOideachas Saoránachta Domhanda a chur i bhfeidhm i measc phobal na scoile, agus atá páirteach i gClár Scoileanna Domhanda WorldWise (WWGS).

Ullmhaíodh í chun cuidiú an tOideachas Saoránachta Domhanda a chomhtháthú sna scoileanna agus scoláirí a spreagadh le bheith ina saoránaigh dhomhanda.

B'fhéidir go bhfuil tú ag tabhairt faoin Oideachas Saoránachta Domhanda den chéad uair nó go bhfuil taithí agat air. Cibé ceann é, cabhróidh an lámhleabhar seo leat do chleachtas OSD a threorú agus tabharfar moltaí duit maidir le conas is féidir leat dul i mbun na hoibre OSD agus tabhairt faoi chlár WWGS.

*Measaim go bhfuil feabhas agus forbairt mhór tagtha le trí bliana anuas ar an tuiscint a bhíonn ag na scoláirí ar an ról atá acu mar Shaoránaigh Dhomhanda. Chonacthas céim mhór chun cinn i mbliana nuair a ghlac breis múinteoirí agus scoláirí páirt i ngníomhaíochtaí éagsúla – rud a chothaigh an idé-eolaíocht i gcroílár churaclam folaithe na scoile. Tá na scoláirí bródúil as an eolas atá acu agus as a ndíograis i dtaobh a bheith rannpháirteach ina bhfuil ag tarlú ar domhan agus tuairimí a chur in iúl faoi.*

- Maria Fitzgerald, Coláiste na Ríochta, Kerry

*Tá Clár WWGS ar fheabhas. Bhí tacaíocht agus freagraí i gcónaí ar fáil ón gcomhordaitheoir réigiúnach (an tOifigeach Oideachais) agus is mór an cúnamh a fuaireamar.*

- Joe Monaghan, Deputy Principal, Clarin College, Galway

# CLÁR ÁBHAR


| | |
|---|---|
| Dátaí Tábhachtacha don Dialann | 4 |
| Tacaíocht agus Uirlisí ar líne ó WWGS | 6 |
| Gradam an Phas Dhomhanda | 9 |
| Céard atá i gceist leis an Oideachas Saoránachta Domhanda? | 10 |
| Pleanáil i gcomhair an Oideachais Saoránachta Domhanda – 6 Chéim | 11 |
| Céim 1: Spriocghrúpa agus Líonra Tacaíochta a shainaithint | 14 |
| Céim 2: Téama Ceartais Dhomhanda a roghnú | 16 |
| Céim 3: An Téama a Fhiosrú | 20 |
| Céim 4: Na Scoláirí ag Foghlaim óna Chéile | 24 |
| Céim 5: Athrú a Bhaint Amach! | 27 |
| Céim 6: Machnamh, Tuairisciú agus an Chéad Chéim Eile! | 32 |
| Aguisín 1: Uirlis Féinmheasúnaithe WWGS | 34 |
| Aguisín 2: Treoir maidir le do Bhuiséad WWGS | 38 |
| Aguisín 3: Naisc Úsáideacha | 40 |




# WWGS GLOBAL PLANNER

## DÁTAÍ TÁBHACHTACHA WWGS DON DIALANN 2019-2020

Téigh chuig an suíomh gréasáin i gcomhair féilire cothrom le dáta, ós rud é go bhféadfadh roinnt dátaí a bheith curtha leis ó cuireadh an lámhleabhar seo i gcló.

Is iad na dátaí thíos na cinn is tábhachtaí ar fhéilire WWGS.

Breac isteach sa dialann iad le do thoil sa chaoi is nach ndéanfaidh tú dearmad orthu!

Bain úsáid as ár bPleanálaí Domhanda, ar a dtaispeántar laethanta ceiliúrtha idirnáisiúnta agus comhdhálacha agus imeachtaí de chuid WWGS, chun cabhrú leat do thionscadal (nó do chuid tionscadal) OSD a phleanáil agus a chur i bhfeidhm don scoilbhliain seo.

## 2019

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Meán Fómhair** | 2 | Dé Luain | *Ná déan dearmad clárú le haghaidh Forbairt Ghairmiúil Leanúnach atá á soláthar ag Scoileanna Domhanda WorldWise (ar fud na tíre)* |
| | 5 | Déardaoin | Seimineár gréasáin: Welcome to WWGS 7pm |
| | 11 | Dé Céadaoin | Oiliúint Réigiúnach Múinteoirí (WWGS): Cool Planet Experience, Co. Chill Mhantáin |
| | 13 | Dé hAoine | Oiliúint Réigiúnach Múinteoirí (WWGS): Cloch Shiurdáin, Co. Thiobraid Árann |
| | 17 | Dé Máirt | Oiliúint Réigiúnach Múinteoirí (WWGS): Gairdín Bhríde, Co. na Gaillimhe |
| | 19 | Déardaoin | Oiliúint Réigiúnach Múinteoirí (WWGS): Ceanncheathrú GROW, Co. Phort Láirge |
| | 20 | Dé hAoine | Oiliúint Réigiúnach Múinteoirí (WWGS): Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, Co. Chorcaí |
| | 24 | Dé Máirt | Oiliúint Réigiúnach Múinteoirí (WWGS): The Organic Centre, Co. Liatroma |
| | 26 | Déardaoin | Oiliúint Réigiúnach Múinteoirí (WWGS): Rediscovery Centre, Baile Munna, Co. Bhaile Átha Cliath |
| **Deireadh Fómhair** | 8 | Dé Máirt | Comhdháil Oiliúna (trí mheán na Gaeilge) in Óstán an Galmont, Gaillimh |
| | 22 | Dé Máirt | Seimineár gréasáin faoin bPas Domhanda 4.30pm |
| **Samhain** | 14 | Déardaoin | Siompóisiam WWGS do lucht bainistíochta scoileanna (do Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí): Teach Uíbh Eachach, Baile Átha Cliath |
| | 27 | Dé Céadaoin | Oiliúint de chuid WWGS maidir le Comhpháirtíochtaí Domhanda idir Scoileanna: Óstán Wynns, Cathair Bhaile Átha Cliath |

## 2020

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Eanáir** | 30 | Déardaoin | FGL do Mhúinteoirí Bunscoile, Óstán Theach Chill Uasaille, Co. Chill Dara |
| **Feabhra** | 11 | Dé Máirt | Seimineár gréasáin faoin bPas Domhanda 4.30pm |
| | 25 | Dé Máirt | Seimineár gréasáin faoin bPas Domhanda 4.30pm |
| | 28 | Dé hAoine | Spriocdháta maidir le hiarratas ar Ghradam an Phas Dhomhanda de chuid WWGS |
| **Márta** | 2 | Dé Luain | *Seiceáil do bhuiséad WWGS agus déan teagmháil linn má theastaíonn aon chomhairle uait* |
| **Aibreán** | 2 | Déardaoin | Comhdháil Bhliantúil Scoláirí WWGS agus Searmanas Bronnta na bPasanna Domhanda, Corcaigh |
| | 20 | Dé Luain | Seoladh an Ghlao maidir le Deontais WWGS 2020-2021 (Déan iarratas ar líne anois! Spriocdháta an 15 Bealtaine) |
| | 23 | Déardaoin | Seimineár gréasáin faoi Chur Isteach ar Dheontas |
| **Bealtaine** | 8 | Dé Céadaoin | Seimineár gréasáin faoi Thuairisciú Deireadh Bliana 4.30pm |
| | 11 | Dé Luain | Seimineár gréasáin faoi Chur Isteach ar Dheontas 4.30pm |
| | 15 | Dé hAoine | Dhá spriocdháta: Tuairiscí Deiridh Scoile WWGS dlite (maidir le 2019-2020) agus gach Iarratas ar Dheontas dlite (maidir le 2020-2021) |

## Meán Fómhair 2019

| | Mon | Tues | Wed | Thu | Fri | Sat | Sun |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 35 | | | | | | | 1 |
| 36 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 |
| 37 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 | 14 | 15 |
| 38 | 16 | 17 | 18 | 19 | 20 | 21 | 22 |
| 39 | 23 | 24 | 25 | 26 | 27 | 28 | 29 |
| 40 | 30 | | | | | | |

## Deireadh Fómhair 2019

| | Mon | Tues | Wed | Thu | Fri | Sat | Sun |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 | | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
| 41 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 |
| 42 | 14 | 15 | 16 | 17 | 18 | 19 | 20 |
| 43 | 21 | 22 | 23 | 24 | 25 | 26 | 27 |
| 44 | 28 | 29 | 30 | 31 | | | |

## Samhain 2019

| | Mon | Tues | Wed | Thu | Fri | Sat | Sun |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 44 | | | | | 1 | 2 | 3 |
| 45 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
| 46 | 11 | 12 | 13 | 14 | 15 | 16 | 17 |
| 47 | 18 | 19 | 20 | 21 | 22 | 23 | 24 |
| 48 | 25 | 26 | 27 | 28 | 29 | 30 | |

## Nollaig 2019

| | Mon | Tues | Wed | Thu | Fri | Sat | Sun |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 48 | | | | | | | 1 |
| 49 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 |
| 50 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 | 14 | 15 |
| 51 | 16 | 17 | 18 | 19 | 20 | 21 | 22 |
| 52 | 23 | 24 | 25 | 26 | 27 | 28 | 29 |
| 1 | 30 | 31 | | | | | |

## Eanáir 2020

| | Mon | Tues | Wed | Thu | Fri | Sat | Sun |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | | | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| 2 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
| 3 | 13 | 14 | 15 | 16 | 17 | 18 | 19 |
| 4 | 20 | 21 | 22 | 23 | 24 | 25 | 26 |
| 5 | 27 | 28 | 29 | 30 | 31 | | |

## Feabhra 2020

| | Mon | Tues | Wed | Thu | Fri | Sat | Sun |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 5 | | | | | | 1 | 2 |
| 6 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 |
| 7 | 10 | 11 | 12 | 13 | 14 | 15 | 16 |
| 8 | 17 | 18 | 19 | 20 | 21 | 22 | 23 |
| 9 | 24 | 25 | 26 | 27 | 28 | 29 | |

## Márta 2020

| | Mon | Tues | Wed | Thu | Fri | Sat | Sun |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 9 | | | | | | | 1 |
| 10 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 |
| 11 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 | 14 | 15 |
| 12 | 16 | 17 | 18 | 19 | 20 | 21 | 22 |
| 13 | 23 | 24 | 25 | 26 | 27 | 28 | 29 |
| 14 | 30 | 31 | | | | | |

## Aibreán 2020

| | Mon | Tues | Wed | Thu | Fri | Sat | Sun |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 14 | | | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| 15 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
| 16 | 13 | 14 | 15 | 16 | 17 | 18 | 19 |
| 17 | 20 | 21 | 22 | 23 | 24 | 25 | 26 |
| 18 | 27 | 28 | 29 | 30 | | | |

## Bealtaine 2020

| | Mon | Tues | Wed | Thu | Fri | Sat | Sun |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 18 | | | | | 1 | 2 | 3 |
| 19 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
| 20 | 11 | 12 | 13 | 14 | 15 | 16 | 17 |
| 21 | 18 | 19 | 20 | 21 | 22 | 23 | 24 |
| 22 | 25 | 26 | 27 | 28 | 29 | 30 | 31 |

## Meitheamh 2020

| | Mon | Tues | Wed | Thu | Fri | Sat | Sun |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 23 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
| 24 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 | 14 |
| 25 | 15 | 16 | 17 | 18 | 19 | 20 | 21 |
| 26 | 22 | 23 | 24 | 25 | 26 | 27 | 28 |
| 27 | 29 | 30 | | | | | |

# TACAÍOCHT AGUS UIRLISÍ AR LÍNE Ó WWGS

## Limistéar Múinteoirí WWGS

Is é Limistéar Múinteoirí WWGS an áit inar féidir libhse, na múinteoirí, logáil isteach sa chuntas ar líne atá agaibh féin. Is ann freisin atá an 'Leabharlann Acmhainní', ónar féidir leat ábhar teagaisc agus ábhair foghlama a íoslódáil.

## Cuntas Ar Líne WWGS

Tá a gcuntas ar líne féin ag scoileanna a fuair deontas WWGS don scoilbhliain 2019/2020.
Beidh do chuntas scoile faoi ainm an mhúinteora atá i gceannas ar OSD sa scoil (is iondúil gurb é nó í an té sin an múinteoir a líon isteach an tIarratas ar Dheontas).

Is féidir leis an múinteoir sin na sonraí logála isteach a thabhairt do mhúinteoirí eile, agus mar sin is féidir le múinteoirí éagsúla sa scoil logáil isteach chuig an gcuntas ar líne.

## Conas is féidir liom dul chuig cuntas ar líne na scoile?


1- Téigh go dtí Limistéar na Múinteoirí ar shuíomh gréasáin WWGS chun dul chuig an tairseach ar líne:
--> http://www.worldwiseschools.ie/already-involved/

2- Cliceáil ar an nasc chun logáil isteach.


3- Logáil isteach le d'ainm úsáideora (seoladh ríomhphoist) agus do phasfhocal.
Is féidir leat do phasfhocal a fháil ach an cnaipe 'RESET' a bhrú, mura cuimhneach leat é.
Molaimid duit na sonraí sin a bhreacadh síos le haghaidh logáil isteach arís.

Do sheoladh ríomhphoist: ..................................................................................

Pasfhocal: ..................................................................................................



http://www.worldwiseschools.ie/already-involved/



http://sha-wwgs.force.com/application/login

## Cad atá ar fáil ar an gcuntas ar líne ?

Trí chuntas ar líne na scoile, beidh fáil ag na múinteoirí ar an méid seo a leanas:


- **Foirm Iarratais ar Dheontas** – Gach iarratas a chuir do scoil isteach ag lorg maoiniú ó WWGS, beidh sé le feiceáil sa chuntas ar líne.
- **Tuairisc Deiridh Bliana** – Na scoileanna a bhfuil maoiniú faighte acu ó WWGS, ní mór dóibh Tuairisc Dheonóra Deiridh Bliana a ullmhú nuair a bheidh deireadh tagtha leis an tionscadal OSD a fuarthas maoiniú ina leith. Tugtar an 'Tuairisc Inste' ar an tuairisc sin agus tá sí le fáil faoi bhun an Iarratais ar Dheontas (i leith na scoilbhliana áirithe sin).
- **Uirlisí Féinmheasúnaithe Ar Líne** – Suirbhéanna do mhúinteoirí agus scoláirí chun machnamh a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le OSD i rith na scoilbhliana. Déantar na suirbhéanna sin ag tús agus ag deireadh na scoilbhliana. Déantar torthaí foriomlána na suirbhéanna a thaifeadadh agus a stóráil faoin táb 'SAT'.
- **Foirmeacha chun costais a éileamh** – Le Foirmeacha Costais WWGS, is féidir le múinteoirí costais taistil agus ionadaíochta a éileamh tar éis dóibh freastal ar chomhdhálacha agus imeachtaí oiliúna WWGS.
- **Iarratas ar Ghradam an Phas Dhomhanda** – Gradam lena dtugtar aitheantas do OSD ardchaighdeáin sna scoileanna agus lena dtugtar luach saothair air.

*Le haghaidh tuilleadh eolais faoi uirlis féinmheasúnaithe agus faoin Tuairisciú, féach leathanach 22 agus leathanach 23*

## Conas a bhainfidh mé úsáid as cuntas ar líne WWGS na scoile?

Nuair a logálfaidh tú isteach i do chuntas ar líne, beidh an méid seo a leanas le feiceáil. Tá feidhm dhifriúil ag gach táb, mar atá leagtha amach thíos:

### Táib an Chuntais Ar Líne:




Chun dul chuig gach táb, cliceáil ar an gcnaipe 'GO!'.

### 1. An Táb "WWGS Grant Applications"

Is féidir leat féachaint anseo ar do chuid Iarratas ar Dheontas agus na Tuairiscí Inste agus na Tuairiscí ar Chaiteachas (tuairiscí deiridh bliana). Ní mór an tIarratas ar Dheontas agus an Tuairisc Inste agus an Tuairisc ar Chaiteachas a chur isteach faoin **15 Bealtaine 2020**.

**- Iarratas ar Dheontas**

Téigh chuig d'Iarratas ar Dheontas don scoilbhliain 2019/20 chun féachaint cad iad na gníomhaíochtaí a ndearna tú iarratas ina leith agus chun féachaint ar do bhuiséad.




**Conas:**

- Cliceáil ar "GO!"
- Cliceáil ar an uimhir iarratais AP (mar shampla, AP-XXXX) don scoilbhliain 2019/20.

*Treoracha Breise:* **http://www.worldwiseschools.ie/already-involved/**

**- Tuairiscí Deontais**
Is féidir leat do thuairisc deiridh bliana a líonadh isteach i rith na bliana (Tuairisc Inste agus Tuairisc ar Chaiteachas).

**Conas:**

- Cliceáil ar "GO!".
- Ansin cliceáil ar an uimhir AP don scoilbhliain 2019/20.
- Scrollaigh síos go dtí an Tuairisc Inste agus an Tuairisc ar Chaiteachas.

*Treoracha Breise:* **http://www.worldwiseschools.ie/already-involved/**

## 2. An Táb "WWGS Global Passport"

**Cuir isteach ar Ghradam an Phas Dhomhanda leis an bhfoirm iarratais ar líne.**

**Conas:**

- Cliceáil ar 'WWGS Global Passports' sna táib ar barr.
- Cliceáil ar "GO!".
- Cliceáil ar an uimhir GP chun dul chuig an Iarratas ar Ghradam an Phas Dhomhanda.

*Mura bhfuil taifead GP ansin, téigh i dteagmháil le d'Oifigeach Oideachais agus cuirfidh seisean nó sise foirm iarratais ar líne ar fáil duit.*

*Treoracha Breise:* **San fhoirm féin.**

## 3. An Táb "WWGS Expense Claims"

Tá foirmeacha ar líne anseo chun costais taistil agus ionadaíochta a éileamh tar éis duit freastal ar imeachtaí WWGS.

**Conas:**

- Cliceáil ar 'WWGS Expense Claim' sna táib ar barr.
- Cliceáil ar "GO!".
- Cliceáil ar "New WWGS Expense Claim" agus lean na treoracha.

## 4. An Táb "WWGS Self-Assessment Tools"

Nuair a bheidh an rannóg 'roimh' líonta isteach ag na scoláirí ina gcuid foirmeacha féinmheasúnaithe ar líne, tar ar ais chuig an tairseach seo chun a n-ainmneacha úsáideoirí a fháil sa chaoi is go mbeidh siad in ann an chuid 'tar éis' a líonadh isteach sa teimpléad céanna.

*Le haghaidh tuilleadh eolais faoi conas na foirmeacha féinmheasúnaithe a líonadh isteach, téigh go dtí leathanach 32.*

**Conas:**

- Cliceáil ar "WWGS Self-Assessment Tools" sna táib ar barr.
- Cliceáil chun bosca anuas a fheiceáil agus roghnaigh 'Teachers' View' agus ansin cliceáil ar "GO!".

*Treoracha Breise:* **http://www.worldwiseschools.ie/already-involved/**



# GRADAM AN PHAS DHOMHANDA - Acmhainní

## Cad é Gradam an Phas Dhomhanda?




Is marc cáilíochta é, a ndéanann an tAontas Eorpach bailíochtú air, lena dtugtar aitheantas don Oideachas Saoránachta Domhanda ar ardchaighdeán in iar-bhunscoileanna in Éirinn.

## Conas a oibríonn sé?

Agus feidhmchlár ar líne á úsáid agat, déanann scoileanna measúnú agus taifead ar a rannpháirtíocht le OSD i 6 phríomhréimse de shaol na scoile (ar a dtugtar 'Stampaí'). Ansin déanann Scoileanna Domhanda WorldWise an t-iarratas a mheas agus, má éiríonn leis, d'fhéadfadh do scoil ceann díobh seo a leanas a fháil:




*I gcomhair tuilleadh eolais agus lena léiriú go bhfuil spéis ag do scoil i nGradam an Phas Dhomhanda, téigh chuig:*
**--> http://www.worldwiseschools.ie/global-passport/**


## AcmhainníÚsáideachadonPhas

Is faoi na scoileanna féin atá sé a chinneadh an mian leo tabhairt faoi Ghradam an Phas Dhomhanda, agus tá tairseach acmhainní luachmhara againn chun tacú leis na scoileanna OSD a chur i bhfeidhm i ngach gné de shaol na scoile.

Tá smaointe agus tionscnaimh éagsúla ag gabháil leis na huirlisí agus na hacmhainní sin, agus iad leagtha amach go soiléir de réir gach catagóire Pas Dhomhanda (stampa).




## UIRLISÍ:




## Acmhainní don Phas:

Tá a chuid acmhainní féin ag gabháil le gach 'Stampa', agus iad seo a leanas ina measc:

- Físeáin
- Teimpléid
- Cás-staidéir
- Bileoga eolais

--> **www.worldwiseschools.ie/passport-resources**



# CÉARD ATÁ I GCEIST LEIS AN OIDEACHAS SAORÁNACHTA DOMHANDA (OSD)?

## An tOideachas Saoránachta Domhanda:

- Déantar é a mhúineadh agus a fhoghlaim trí lionsa an cheartais dhomhanda.
- Cuireann sé ar chumas na scoláirí iniúchadh a dhéanamh ar an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a theastóidh uathu chun bheith ina Saoránaigh Dhomhanda.
- Cothaíonn sé príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí agus na Sraithe Sinsearaí.
- Úsáidtear modheolaíochtaí foghlama rannpháirtíochta chun tabhairt faoi.
- Cuidíonn sé leis na scoláirí gníomh fiúntach a dhéanamh ar mhaithe le domhan níos córa agus níos inbhuanaithe.

## Sainmhínithe ar an Oideachas Saoránachta Domhanda:

**Is éard atá i gceist leis an Oideachas Saoránachta Domhanda (OSD) (ar a dtugtaí "Oideachas Forbartha" roimhe seo) ná...**

Próiseas oideachasúil lena bhféachtar le cur le feasacht agus tuiscint an phobail ar an domhan seo ina gcónaímid, domhan atá ag athrú go tapa agus atá idirspleách agus éagothrom.

Trí chur i gcoinne steiréitíopaí agus smaointeoireacht neamhspleách a spreagadh, cuidíonn OSD le scoláirí iniúchadh criticiúil a dhéanamh ar na bunchúiseanna atá le ceisteanna ceartais dhomhanda agus ar an gcaoi a bhfuil baint ag na ceisteanna sin lena saol féin ó lá go lá.

Spreagann OSD dlúthpháirtíocht dhomhanda trí thacú le daoine chun a gcearta agus a bhfreagrachtaí a chur i bhfeidhm agus barr a gcumas mar shaoránaigh dhomhanda a bhaint amach, chun gníomh fiúntach a dhéanamh ar mhaithe le domhan cóir, inbhuanaithe.

**Sainmhíniú beacht do na scoláirí ar an Oideachas Saoránachta Domhanda**

Foghlaim faoi cheisteanna ceartais dhomhanda agus dul i mbun gnímh ar mhaithe le domhan níos córa agus níos inbhuanaithe a bhaint amach.



# PLEANÁIL I GCOMHAIR OSD ARDCHAIGHDEÁIN: AN CLÁR 6 CHÉIM

Tá uirlis phleanála 6 chéim ag Scoileanna Domhanda WorldWise chun tú a threorú trí chlár OSD ardchaighdeáin a fhorbairt do do scoil féin.

Ag gach céim, molfar tuilleadh acmhainní agus ábhar tacaíochta breise duit.

→ **Is féidir na huirlisí go léir a íoslódáil ó Limistéar na Múinteoirí ar an Suíomh Gréasáin.**



## Leideanna pleanála:

- **Bíodh an plean simplí**
- Leag síos amchlár don **tionscadal**: An mbeidh sé ar bun ar feadh na bliana? Ar feadh leath théarma? Ar feadh téarma iomlán? Le linn tréimhse atá leagtha amach san amchlár? Mar ghníomhaíocht seach-churaclaim? Agus mar sin de.
- Spreag na scoláirí chun an tionscadal a threorú agus chun bheith freagrach as. Is é an ról a bheidh agatsa ná cabhrú leis na scoláirí sa chaoi is go mbeidh siad in ann dul i ngleic leis na ceisteanna agus gníomh fiúntach a dhéanamh.
- Bain úsáid as tacaíocht ó WWGS. Tá an fhoireann ar fáil chun tacaíocht a thabhairt duit agus sannfar Oifigeach Oideachais ar leith do do scoil féin chun tacú le bhur gcuid oibre. Níl a leithéid de rud ann agus ceist amaideach!
- Roghnaigh réimse modheolaíochtaí agus gníomhaíochtaí foghlama gníomhaí chun OSD a iniúchadh.
- D'fhéadfadh an treo athrú agus sibh ar an mbealach! B'fhéidir go mbeidh ort dul in oiriúint do na rudaí a bhfuil spéis ag na scoláirí iontu nó do na riachtanais atá ag an ngrúpa. Beidh ceisteanna á bhfiosrú ag na scoláirí agus b'fhéidir gur mhaith leo an treo a athrú de réir mar a bheidh siad ag foghlaim!

## An próiseas 6 chéim WWGS a leanúint:

Cé go dtosaíonn an próiseas WWGS le Céim 1 agus go gcríochnaíonn sé le Céim 6, ní gá duit tabhairt fúthu ceann i ndiaidh a chéile, agus molaimid duit dul ar aghaidh trí na céimeanna nó dul siar orthu más gá.

Mar shampla, má smaoiníonn na scoláirí ar ghníomh a dhéanamh ar dtús (céim 5), b'fhéidir go mbeidh ort tacú le scoláirí agus iad ag dul trí na céimeanna eile chun cuidiú leo leis an bhfoghlaim a bheidh ag teastáil uathu chun tabhairt faoi ghníomh fiúntach. Ansin beidh na scoláirí in ann breathnú siar ar a gcuid smaointe nó ar an bplean gníomhaíochta agus iad a chur in oiriúint don mhéid atá foghlamtha acu. Próiseas 6 Chéim do na Scoláirí: Féach Iarscríbhinn 3 le haghaidh treoir do scoláirí maidir le pleanáil i gcomhair OSD.



# THE 6-STEP PROGRAMME

## 1- SPRIOCGHRÚPA AGUS LÍONRA TACAÍOCHTA A SHAINAITHINT

P.14/15



### SCOLÁIRE

**RÉIMSÍ ÁBHAIR**

UIRLISÍ:

- ☐ PÓSTAER TREOIR ÁBHAIR OSD
- ☐ TREOIR ÁBHAIR OSD

**AN COISTE OSD**

UIRLISÍ:

- ☐ CONAS COISTE OSD A BHUNÚ

**AN IDIRBHLIAIN**

UIRLISÍ:

- ☐ ACMHAINNÍ AGUS MODÚIL DON IDIRBHLIAIN

CÉ NA DAOINE ATÁ I GCEIST?

______________________

______________________

______________________



### MÚINTEOIR

- NA MÚINTEOIRÍ A BHFUIL AN-SPÉIS ACU SAN OIDEACHAS SAORÁNACHTA DOMHANDA
- MÚINTEOIRÍ A BHFUIL OSD Á DHÉANAMH ACU CHEANA
- LUCHT BAINISTÍOCH-TA NA SCOILE
- AN BHFÉADFÁ COISTE MÚINTEOIRÍ OSD A BHUNÚ?

CÉ NA DAOINE ATÁ I GCEIST?


______________________

______________________

______________________

## 2- TÉAMA CEARTAIS DHOMHANDA A ROGHNÚ

P.16/19




UIRLISÍ:

- ☐ ÍOMHÁNNA A BHFUIL BAINT ACU LEIS AN TÉAMA
- ☐ PÓSTAER A BHFUIL BAINT ACU LEIS AN TÉAMA
- ☐ BILEOG ACMHAINNÍ A BHFUIL BAINT ACU LEIS AN TÉAMA

CÉN SPRIOC DHOMHANDA? ______________________

CÉN TÉAMA SONRACH? ______________________

______________________

______________________

______________________

______________________

## 3- TÉAMA A INIÚCHADH


P.20/23

### SMAOINIGH AR:



EOLAS | LUACHANNA | SCILEANNA | GNÍOMHARTHA FIÚNTACHA

UIRLISÍ:



BILEOG ACMHAINNÍ EOLAIS

TREOIR MAIDIR LE TACÚ LE OSD

ATHRÚ A STIÚRADH ÓN SEOMRA RANGA

SEICLIOSTA I GCOMHAIR OSD

### CONAS?

CAD IAD NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS NA MODHEOLAÍOCHTAÍ A ÚSÁIDFIDH MÉ?

______________________

______________________

______________________

______________________

______________________

______________________

______________________

______________________

______________________

______________________

## 4- NA SCOLÁIRÍ AG FOGHLAIM ÓNA CHÉILE

P.24/26

LÁ FEASACHTA FAOI THÉAMAÍ DOMHANDA

TAISPEÁNTAIS FAOI THÉAMAÍ A BHAINEANN LEIS AN GCEARTAS DOMHANDA

TIONÓIL


CUMARSÁID

RANNPHÁIRTÍOCHT CHRUTHAITHEACH

NA MEÁIN

SCANNÁIN

SEISIÚN PIAROIDEACHAIS



### CONAS IS FÉIDIR LIOM AN FHOGHLAIM A CHOMHROINNT?

UIRLISÍ: GHEOFAR ACMHAINNÍ DON PHAS DOMHANDA AR LÍNE A BHAINEANN LE:

- GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEACH-CHURACLAIM
- ACMHAINN NA SCOLÁIRÍ

SMAOINTE NA SCOLÁIRÍ MAIDIR LE FOGHLAIM ÓNA CHÉILE


____________________

## 5- ATHRÚ A BHAINT AMACH


P.27/31




UIRLISÍ



TEIMPLÉAD CHUN GNÍOMH A PHLEANÁIL



SEICLIOSTA MAIDIR LE FIÚNTAS GNÍMH

### ROGHANNA: SMAOINIGH AR AN ÁIT AR FÉIDIR ATHRÚ A DHÉANAMH

**AN SCOIL**
- [ ] ATHRÚ AR IOMPAR
- [ ] ATHRÚ BEARTAIS

**AN RIALTAS**
- [ ] STOCAIREACHT
- [ ] TEACHTAIREACHTAÍ A CHUR CHUIG POLAITEOIRÍ

**DO PHOBAL**
- [ ] PÁIRT A GHLACADH I BHFEACHTAS ATÁ ANN CHEANA FÉIN
- [ ] CUIREADH A THABHAIRT DON PHOBAL

**CORPARÁIDÍ**
- [ ] TEAGMHÁIL
- [ ] BAGHCAT
- [ ] FEACHTAS

SMAOINTE:


____________________


## 6- MACHNAMH, TUAIRISCIÚ AGUS AN CHÉAD CHÉIM EILE

P.32/33

### MACHNAMH:

UIRLISÍ: FOIRMEACHA FÉINMHEASÚNAITHE AR LÍNE A LÍONADH ISTEACH (CRUACHÓIPEANNA)






### TUAIRISCIÚ :

- [ ] TUAIRISC INSTE
- [ ] TUAIRISC AR CHAITEACHAS
- [ ] UIRLISÍ FÉINMHEASÚNAITHE
- [ ] CUNTAS AR LÍNE


### AN CHÉAD CHÉIM EILE ?

____________________



# CÉIM 1 – SPRIOCGHRÚPA AGUS LÍONRA TACAÍOCHTA A SHAINAITHINT

Is é an chéad chéim ar do thuras chun an tOideachas Saoránachta Domhanda (OSD) a fhorbairt i do scoil féin ná grúpa scoláirí a roghnú agus a spéis siúd agus spéis do chomhghleacaithe a mhúscailt.






## Scoláirí:

Seo thíos roinnt samplaí duit de na bealaí is féidir leat OSD a iniúchadh. D'fhéadfadh sé a bheith ina chuid d'ábhar a mhúineann tú féin, leis an Idirbhliain nó le coiste OSD de chuid na scoláirí. Cuimhnigh nach ionann aon dá scoil agus mar sin b'fhéidir go gcinnfeá díriú ar bhliainghrúpa ar leith nó ar chlár scoile ar leith, mar shampla, lucht na hArdteistiméireachta Feidhmí, lucht an Teastais Shóisearaigh.

## Smaoinigh ar an mbliain atá amach romhat agus cuir na ceisteanna seo a leanas:

- Cén OSD atá á dhéanamh agaibh cheana féin – Conas is féidir leat tógáil air?
- Cén áit ar féidir leat OSD a chur san áireamh i do chuid phleananna gan stró?
- An bhfuil scoláirí Idirbhliana sa scoil?
- An bhfuil grúpaí/coistí scoláirí sa scoil cheana ar mhaith leo a bheith páirteach in OSD?


### Réimsí Ábhair




**UIRLISÍ:**

- **Póstaer – Treoir Ábhair OSD –** Oscail amach an Treoir maidir leis an bPas Domhanda agus feicfidh tú an Póstaer faoi Threoir Ábhair.
- **Treoracha OSD maidir le hábhair shonracha –** Tacaigh leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim trí lionsa an cheartais dhomhanda:
  **--> www.worldwiseschools.ie/tools**

### Coiste OSD Na Scoláirí




**UIRLISÍ:**

- **Conas Coiste OSD a Bhunú –** Gheobhaidh tú tacaíocht agus teimpléid chun tacú le scoláirí ar mhaith leo Coiste OSD a bhunú sa bhanc acmhainní ar líne don Phas Domhanda:
  --> **www.worldwiseschools.ie.passportresourcesstudent-gce-committee/**

### An idirbhliain




**UIRLISÍ:**

- **Acmhainní chun OSD a chomhtháthú san Idirbhliain –** Gheobhaidh tú acmhainní agus smaointe chun tacú leat chun OSD a chomhtháthú san Idirbhliain sa bhanc acmhainní ar líne don Phas Domhanda:
  --> **www.worldwiseschool.ie/passport-resources/TY**



## Comhghleacaithe:

### Smaoinigh ar an scoilbhliain atá amach romhat agus cuir na ceisteanna seo a leanas:

- Cé na baill foirne atá ag gabháil do OSD cheana féin? (ach b'fhéidir nach é OSD a thugann siad air)
- Cé hiad na baill foirne a leagan tábhacht mhór ar cheisteanna ceartais dhomhanda cheana féin?
- Ar mhaith leis an scoil Choiste OSD a bhunú i measc na mball foirne?
- An bhfuil bainisteoirí agus ceannairí na scoile ar an eolas faoi luachanna agus tionscnaimh OSD sa scoil?
- Conas is féidir le lucht bainistíocht na scoile tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann le OSD?

### Leideanna:

- Bunaigh Coiste Foirne OSD ar a mbeidh na múinteoirí a bhfuil spéis acu ann agus ar féidir leo cabhrú leat OSD a chomhordú sa scoil.
- Comhroinn acmhainní OSD leis na múinteoirí.
- Tabhair cuireadh don Oifigeach Oideachais a shann WWGS duit freastal ar chruinniú tacaíochta leat féin agus/nó le baill foirne eile.
- Tabhair cuireadh don Oifigeach Oideachais a shann WWGS duit FGL inseirbhíse saor in aisce a chur ar fáil do mhúinteoirí ar spéis leo OSD, nó don fhoireann iomlán .
- Tabhair an deis do cheannairí na scoile agus don lucht bainistíochta freastal ar FGL saor in aisce don scoil iomlán a chuireann WWGS ar fáil.
- Tabhair cuireadh do cheannairí agus bainisteoirí na scoile freastal ar Shiompóisiam WWGS do Lucht Bainistíochta Scoile **(ar an 14 Samhain 2019).**






### UIRLISÍ:

- **Acmhainní agus Tacaíocht don Phas Dhomhanda -**
  Gheobhaidh tú iad seo a leanas tríd an mBanc Acmhainní don Phas Domhanda:
  - Coiste Foirne OSD a bhunú
  - Acmhainní Teagaisc agus Foghlama OSD
  - Deiseanna FGL
  - Rannpháirtíocht na Foirne go léir a Chothú

**--> www.worldwiseschools.ie/passport-resources/teacher-capacity**




*Póstaer OSD le Naisc Churaclaim*




*Treoracha Acmhainní OSD de chuid WWGS*

# CÉIM 2 – TÉAMA CEARTAIS DHOMHANDA A ROGHNÚ

## Cá dtosóidh tú?




Tá an-chuid téamaí OSD ann a d'fhéadfaí a iniúchadh. Is féidir leat díriú ar cheann amháin, nó roinnt réimsí téamacha a iniúchadh i rith na bliana. Más féidir é, ba mhaith an rud é dá mba iad na scoláirí féin a roghnódh na téamaí lena n-iniúchadh.

*Féach leathanach 18 le haghaidh samplaí de théamaí a d'fhéadfaidís a iniúchadh.*

## Cad iad na 'Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe' (ainm eile orthu is ea na Spriocanna Domhanda)?

In 2015, gheall ceannairí domhanda tabhairt faoi 17 sprioc chun an domhan a fheabhsú faoi 2030. Chun na spriocanna sin a bhaint amach, tá rialtais, gnólachtaí, an tsochaí shibhialta agus an pobal i gcoitinne ag obair le chéile lena chinntiú go mbeidh saol níos fearr ag gach duine.

*Le haghaidh tuilleadh eolais féach:* **http://www.globalgoals.org** and **http://worldslargestlesson.globalgoals.org**

## Cén fáth a bhfuilimid ag baint leas as na Spriocanna Domhanda?

Is fiú a bheith ag plé le OSD i gcomhthéacs na Spriocanna Domhanda agus muid ag glacadh páirt i líonra domhanda daoine atá ag obair go gníomhach chun an domhan a fheabhsú.

Tá go leor téamaí ceartais dhomhanda ann nach luaitear go sainráite sna Spriocanna Domhanda. Ós rud é go mbaineann OSD le meonta difriúla a fhiosrú, ba mhaith an rud é iniúchadh a dhéanamh ar na Spriocanna Domhanda - **an dtéann siad i ngleic le bunchúiseanna na héagóra agus na héagothroime?**

### UIRLISÍ:

**Tá Bileoga Acmhainní Eolais ar fáil faoi gach ceann de théamaí na Spriocanna Domhanda.**
Ina measc siúd tá:

- Buneolas - Cén fáth gur ceist Ceartais Dhomhanda é an téama?
- An táscaire domhanda a mbaineann sé leis
- Réimsí a bhféadfaí díriú orthu
- Moltaí maidir le naisc churaclaim
- Ábhar teagaisc agus foghlama (mar shampla, modúil Idirbhliana, gníomhaíochtaí insamhalta, gearrthóga físe, cláir faisnéise)
- Suímh ghréasáin úsáideacha
- Feachtais/eagraíochtaí a bhféadfaí nascadh leo
- Smaointe le haghaidh gníomhartha chun athrú a bhaint amach


Tuilleadh eolais:
--> **http://www.worldwiseschools.ie/resource-library/**




1 NO POVERTY
2 ZERO HUNGER
5 GENDER EQUALITY
6 CLEAN WATER AND SANITATION
7 AFFORDABLE AND CLEAN ENERGY
8 DECENT WORK AND ECONOMIC GROWTH
9 INDUSTRY, INNOVATION AND INFRASTRUCTURE
10 REDUCED INEQUALITIES
11 SUSTAINABLE CITIES AND COMMUNITIES
14 LIFE BELOW WATER
15 LIFE ON LAND
16 PEACE, JUSTICE AND STRONG INSTITUTIONS

# Global Citizenship Education Them

There are a myriad of global justice themes you can explore within the Global Go



## es

oals:



Irish Aid
WorldWise Global Schools

**4 QUALITY EDUCATION**
- 4.7. Skills for Global Citizenship
- 4.1-3. Financing of Education
- 4.A. Access to Education

**5 GENDER EQUALITY**
- 5.5. Women in Decision Making
- 5.2. Violence and Exploitation

**6 CLEAN WATER AND SANITATION**
- 6.5. Water Wars
- 6.5. Water Pollution & Dumping

**10 REDUCED INEQUALITIES**
- 10.1. Global Wealth Equality
- 10.2. Inclusion -Direct Provision
- 10.A. Trade Justice
- 10.3. Racism & Discrimination
- 10.7. Migration & Seeking Asylum
- 10.5. Financial Justice

**11 SUSTAINABLE CITIES AND COMMUNITIES**
- 11.B Climate Change Policy and Planning
- 11.6. GlobalWaste Systems

**12 RESPONSIBLE CONSUMPTION AND PRODUCTION**
- 12.5. Sustainable Waste Practices
- 12.4. Responsible Consumption & Production

**16 PEACE, JUSTICE AND STRONG INSTITUTIONS**
- 16.1. Conflict
- 16.10. Protect Fundimental Freedoms
- 16.2. Child Exploitation/ Trafficking
- 16.7. Inclusive Decision Making
- 16.3. Equal Access to Justice
- 16.4. Global Arms Trade

**17 PARTNERSHIPS FOR THE GOALS**
- 17.1. Tax Justice
- 17.2. Trade Deals
- 17.4. Debt

# CÉIM 3 – AN TÉAMA A FHIOSRÚ

## Cá dtosóidh tú?

Agus muid ag smaoineamh ar conas dul i ngleic leis an Oideachas Saoránachta Domhanda (OSD) lenár gcuid scoláirí, ní mór dúinn smaoineamh ar conas a thacaímid le gach ceann de na 5 phríomhghné a bhaineann leis:




**Oideachas Saoránachta Domhanda** = Eolas + Meonta agus Luachannas + Scileanna + Gníomh Fiúntach a Dhéanamh + Methodologies

## Leideanna:

- **Déan fiosrú cuimsitheach ar an téama:** *spreag na scoláirí chun bheith seasta ag fiafraí 'CÉN FÁTH' chun féachaint céard iad na bunchúiseanna.*
- **Spreag na scoláirí chun an oiread smaointe agus tuairimí is féidir a chur in iúl**: *baineann OSD le gnéithe éagsúla a fhiosrú.*
- **Roghnaigh na modheolaíochtaí cruthaitheacha a oireann do na spriocanna foghlama**: *féach na moltaí i gcuid 3.1 ar an gcéad leathanach eile.*
- **Cinntigh go leagfar síos an bhunchloch lena gceanglaítear an ghné áitiúil leis an ngné dhomhanda**: *bain úsáid as an acmhainn i gcuid 3.2 chun tacú leis an bhfoghlaim sa chaoi is go mbeidh na ceisteanna domhanda ábhartha do na scoláirí ar an leibhéal áitiúil.*
- **Seiceáil arís go bhfuil sibh ar an mbóthar ceart:** *bain úsáid as an seicliosta OSD chun féachaint chuige go mbeidh sibh ag díriú ar sprioc fhiúntach.*
- **Seiceáil an bhfuil turais a bhféadfadh na scoláirí dul orthu a mbeadh baint acu leis na téamaí OSD atá roghnaithe acu**: *féach ar an liosta turas le haghaidh smaointe chun na scoláirí a spreagadh. Tá an nasc luaite leis na huirlisí thíos.*
- **Féach conas a d'fhéadfadh éascaitheoirí seachtracha cuidiú libh**: *féach ar an liosta éascaitheoirí chun daoine a aimsiú i do cheantar féin.*
- **Cuardaigh sineirgí:** *an bhféadfadh do chuid scoláirí a dtionscadal gníomhaíochta a chur isteach ar thionscnamh iar-bhunscoile atá ann cheana, ar nós na Nuálaithe Sóisialta Óga nó ECO-UNESCO?*

## UIRLISÍ:

Tá rannáin éagsúla ar shuíomh gréasáin Scoileanna Domhanda WorldWise (WWGS) ina bhfuil acmhainní agus ábhar tacaíochta chun cabhrú leat téamaí OSD a iniúchadh le do chuid scoláirí:

- **Táb 'Tools' ina bhfaighidh tú:**

  - Treoracha Ábhair (atá nasctha leis an gcuraclam)
  - Cás-Staidéir faoi scoileanna ar leith
  - Liosta Éascaitheoirí OSD

  **--> http://www.worldwiseschools.ie/tools/**

- **Táb na Leabharlainne Acmhainní ina bhfaighidh tú:**

  - Bileoga Acmhainní Eolais ar théama Ceartais Dhomhanda
  - Leabharlann acmhainní atá eagraithe de réir aoise agus ábhair

  **--> http://www.worldwiseschools.ie/resource-library/**


- **Táb "Global Passport Resources" ina bhfaighidh tú:**

  - Gnéithe curaclaim
  - Gnéithe seach-churaclaim
  - Acmhainn múinteoirí
  - Acmhainn scoláirí
  - Ceannaireacht agus Beartais na Scoile
  - Rannpháirtíocht leis an bPobal

  **--> http://www.worldwiseschools.ie/passport-resources/**



# 3.1 Tacúleis an Oideachas Saoránachta Domhanda - 5 Chomhpháirt

| Comhpháirt OSD | Ceisteanna nach mór dúinn a fhreagairt | Cad iad na modheolaíochtaí a d'fhéadfadh cabhrú linn tabhairt faoin gcomhpháirt? |
|---|---|---|
| Eolas<br> | Cad é a chaithfidh mo chuid scoláirí a thuiscint faoin gceist Ceartais Dhomhanda seo?<br><br>Cad iad bunchúiseanna na ceiste?<br><br>Cad iad na struchtúir agus na córais atá ann a fhágann go leanfaidh an fhadhb ar aghaidh? | - Gníomhaíochtaí chun bunchúiseanna a rangú<br>- Fiafraigh 'cén fáth' 5 huaire<br>- Sórtáil a dhéanamh ar chúiseanna agus éifeachtaí<br>- Crann Fadhbanna<br>- Gníomhaíochtaí líontáin sreinge |
| Meonta agus Luachanna<br> | Conas is féidir leat dul i bhfeidhm i ndáiríre ar fhoghlaimeoirí sa chaoi is go ngníomhóidh siad?<br>• Conas is féidir leat dul i bhfeidhm ar na luachanna atá acu ó thaobh cothroime agus ceartais?<br>• Conas is féidir leat foghlaimeoirí a spreagadh chun suim a chur sa cheist seo agus a chur ar a gcumas athrú a bhaint amach?<br>• Cé hiad na príomhghníomhaithe (a bhaineann tairbhe as an gceist seo agus a bhíonn thíos léi)?<br><br>Cad iad na meonta éagsúla a bhíonn ag daoine faoin gceist seo?<br><br>Cén bhaint atá ag an gceist seo le saol na scoláirí féin (spreag na scoláirí chun naisc a dhéanamh idir na ceisteanna seo agus a saol féin)? | - Físeáin<br>- Tráth na gCeist<br>- Grianghraif<br>- Scéalta<br>- Rólghlacadh<br>- Cluichí Ionsamhlaithe<br>- Cás-staidéir |
| Scileanna<br> | Cad iad na scileanna a theastaíonn ó na scoláirí sa chaoi is go mbeidh muinín acu astu féin chun gníomh fiúntach a dhéanamh ar mhaithe le hathrú?<br><br>Ar scrúdaigh siad an cheist go criticiúil agus an ndearna siad rangú ar ghníomhartha féideartha de réir leibhéal éifeachta?<br><br>Cad iad na scileanna atá acu cheana féin?<br><br>Cad iad na scileanna ar mhaith leo a fhorbairt?<br><br>Cad iad na scileanna a bheidh ag teastáil uathu chun dul i bhfeidhm ar an spriocghrúpa? | - Díospóireacht<br>- Athbhreithniú ar na Meáin<br>- Pleanáil Imeachtaí<br>- Oideachas Piaraí<br>- Óráidíocht<br>- Ealaín/Drámaíocht/Ceol<br>- Litreacha agus Achainíocha a scríobh<br>- Cumarsáid ar líne agus as líne (suíomh gréasáin, na meáin shói-sialta, cuir i láthair, nuachtlitreacha) |
| Gníomh Fiúntach a Dhéanamh<br> | Conas is féidir liom scoláirí a spreagadh agus tacú leo chun gníomh a dhéanamh ar mhaithe le hathrú fiúntach a bhaint amach?<br><br>Cad iad na heagraíochtaí a bhfuil feachtais spéisiúla ar bun acu a bhféadfadh na scoláirí foghlaim uathu nó dul i bpáirt leo?<br><br>Cé na scoláirí eile a bhfuil gníomh á dhéanamh acu, a chabhróidh liom mo scoláirí féin a spreagadh lena sampla? | - Taithí: foghlaim trí ghníomh!<br>- Uirlisí Pleanála<br>- Mapáil a dhéanamh ar na Páirtithe Leasmhara<br>- Sceideal Gníomhaíochtaí<br>- Rangú a dhéanamh ar Ghníomhartha Fiúntacha |

*Féach ar acmhainn na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí le haghaidh tuilleadh modheolaíochtaí foghlama gníomhacha ag:*

**--> https://pdst.ie/sites/default/files/teaching%20toolkit%20booklet%20without%20keyskills.pdf**

# 3.2 Athrú a Stiúradh ón Seomra Ranga

## CEISTEANNA CEARTAIS DHOMHANDA A INIÚCHADH AGUS GNÍOMH A DHÉANAMH IN BHUR GCEANTAR FÉIN

ÓN LEIBHÉAL DOMHANDA

**Cén cheist is cúis imní daoibh?**
Fiafraigh de na scoláirí cé na ceisteanna a bhfuil spéis acu iontu agus a bhfuil siad buartha fúthu

**Cad iad bunchúiseanna na ceiste sin?**
Bí seasta ag fiafraí: "ceart go leor, ach cén fáth?"

**Cad iad na meonta agus na tuairimí éagsúla atá ag daoine faoin gceist sin?**
Cad iad na meonta agus na tuairimí éagsúla atá ag daoine faoin gceist sin? Déan amach cé hiad na gníomhaithe: Cad is spéis leo? Cad é an rud is tábhachtaí dóibh? Cé atá ag buachan agus cé atá ag cailleadh sa chás seo?

**Cad iad na córais agus na struchtúir a fhágann go bhfuil an fhadhb ann go fóill?**
An bhfuil dlíthe nó struchtúir ann chun an fhadhb a rialú? An bhfuil siad á leanúint? Mura bhfuil, cén fáth? Cé atá freagrach as sin?

**Cé aige a bhfuil an chumhacht chun athrú a dhéanamh ar na córais sin?**
Cé atá freagrach as sin?
Cé orthu a bhfuil an dualgas cúram a ghlacadh?
Cé aige atá an ról sin?

**Cén ról atá againne, mar scoil nó mar scoláirí, chun athrú a spreagadh?**
Cén chumhacht atá againn mar Shaoránaigh Éireannacha/ Eorpacha/Dhomhanda, mar thomhaltóirí, mar dhaoine dár bpobal, mar dhaoine a mbeidh vóta againn amach anseo? Conas a bhainimid leas as an gcóras seo? Cad é an dualgas atá orainn?

**Cuir daoine eile ar an eolas faoi na rudaí a d'fhoghlaim tú, cuir le feasacht**

**Gníomhaigh i gceantar na scoile**
**Tosaígí ag spreagadh athrú**
(mar dhaoine aonair, mar scoil, mar phobal)



GO DTÍ BHUR GCEANTAR FÉIN


## 3.3 Seicliosta don Oideachas Saoránachta Domhanda

Sula gcríochnóidh tú do phlean don Oideachas Saoránachta Domhanda, caith cúig nóiméad ag smaoineamh ar na ceisteanna seo a leanas lena chinntiú go bhfuil tú ar an mbóthar ceart:

| Cuidíonn / Ní Chuidíonn | An gcuidíonn an clár oibre OSD seo leis na scoláirí… | In áit… |
|---|---|---|
| | Teacht ar thuiscint ar an gcaoi a n-oibríonn an domhan (*an chaoi a mbíonn sé ag athrú go tapa agus ina bhfuil sé idirspleách agus éagothrom*)? | Féachaint ar cheist amháin aisti féin. |
| | Iniúchadh criticiúil a dhéanamh ar na bunchúiseanna atá le ceist ceartais dhomhanda? | Díriú ar éifeachtaí na ceiste. |
| | Fiosrú cén bhaint atá ag ceisteanna ceartais lenár saol féin ó lá go lá (*conas a d'fhéadfadh an méid a dhéanaimid féin nó ár n-ionadaithe, nó an méid nach ndéanaimid, dul i bhfeidhm ar dhaoine eile in áit eile ar domhan*)? | Focus on a local issue without any global context. |
| | Smaoineamh as a stuaim féin? | A rá leis na scoláirí cad atá ceart/ mícheart. |
| | Cur i gcoinne steiréitíopaí, boinn tuisceana dhiúltacha agus réamhchlaontaí a bhíonn againn maidir le daoine sa Domhan Theas (*na tíortha i mbéal forbartha*)? | Gan ach an éagsúlacht/cultúr a cheiliúradh. |
| | Dlúthpháirtíocht a spreagadh(smaoineamh go bhfuilimid go léir le chéile ar roth mór an tsaoil – seasamh le daoine in ionad seasamh ar a son)? | Tabhartais a thabhairt d'eagraíochtaí nó do charthanais chun cuidiú lena gcuid oibre. |
| | A gcearta, a bhfreagrachtaí agus a gcumas féin mar shaoránaigh dhomhanda a chur i bhfeidhm? | Tabhartais a thabhairt d'eagraíochtaí nó do charthanais chun cuidiú lena gcuid oibre. |
| | Gníomh fiúntach a dhéanamh ar mhaithe le domhan níos córa agus níos inbhuanaithe? | Tionscadail a ardaíonn feasacht ach nach mbíonn dírithe ar aon athrú a bhaint amach. |

# CÉIM 4 – NA SCOLÁIRÍ AG FOGHLAIM ÓNA CHÉILE

Is mór is fiú do na scoláirí a bheith a foghlaim óna chéile:





- Cuireann sé lena bhfeasacht ar an gceist.
- Tugann sé aitheantas don obair atá ar bun ag na múinteoirí agus na scoláirí.
- Cuireann sé le cultúr na feasachta ar cheisteanna Ceartais Dhomhanda sa scoil agus sa phobal.
- Déanann sé a gcuid foghlama féin ar an gceist dhomhanda a bhailíochtú agus a fheabhsú.
- Cothaítear scileanna na scoláirí agus spreagtar iad chun muinín a bheith acu astu féin agus iad ag labhairt faoi cheisteanna Ceartais Dhomhanda.

## Smaointe ar conas is féidir le scoláirí foghlaim óna chéile

### Piarfhoghlaim

Má chuidíonn na scoláirí lena chéile foghlaim faoi cheisteanna Ceartais Dhomhanda, is féidir eispéireas foghlama luachmhar a bheith acu go léir. Cuireann na scoláirí le doimhne a rannpháirtíochta leis na ceisteanna agus foghlaimíonn siad scileanna luachmhara trí chabhrú le scoláirí eile. Leis an malartú eolais sin, déantar an fhoghlaim a dhaingniú agus spreagtar na scoláirí chun athrú a bhaint amach agus gníomh a dhéanamh maidir le ceisteanna Ceartais Dhomhanda.




**UIRLISÍ:**

- **Acmhainní ar líne don Phas Domhanda i gcomhair na catagóire "Piarfhoghlaim OSD":**
  **--> http://www.worldwiseschools.ie/passport-resources/peer-education/**
  Ina measc tá: Leideanna chun tacú le scoláirí agus teimpléad i gcomhair uirlis chun ceardlann a phleanáil.

### Imeachtaí a mbaineann Téama Domhanda leo

Is bealach iontach iad imeachtaí a mbaineann téama domhanda leo chun na scoláirí agus an pobal i gcoitinne a spreagadh ionas go gcuirfidh siad spéis i gceisteanna OSD atá go mór faoi thrácht ar domhan faoi láthair. Samplaí maithe d'imeachtaí a bhfuil téama OSD acu is ea Coicís na Cóirthrádála agus Lá Domhanda an Bhia.




**UIRLISÍ:**

- **Acmhainní agus samplaí ar líne don Phas Domhanda i gcomhair na catagóire "Imeachtaí a mbaineann Téama OSD leo":**
  **--> http://www.worldwiseschools.ie/passport-resources/global-development-themed-events/**
- **Féilire WWGS na Scoileanna Domhanda** - Is féidir é a chrochadh ar an mballa, agus tá eolas ann faoi dhátaí imeachtaí a mbaineann téama OSD leo. Iarr ar d'Oifigeach Oideachais cóip de a thabhairt duit.

### Tionóil

Is an-deis go deo iad na tionóil chun an fhoghlaim faoi cheisteanna OSD a chomhroinnt le pobal uile na scoile. Mura mbíonn tionóil ar bun i do scoil féin, d'fhéadfadh na scoláirí eolas a scaipeadh ar an ngléas idirchumarsáide.




**UIRLISÍ:**

- **Acmhainní ar líne don Phas Domhanda i gcomhair na catagóire "Tionóil":**
  **--> http://www.worldwiseschools.ie/passport-resources/assemblies/**
- **Féilire WWGS na Scoileanna Domhanda** - Luaitear smaointe ann i gcomhair na dtionól ar laethanta oifigiúla a mbaineann téama OSD leo

## Taispeántais faoi Théamaí a bhaineann leis an gCeartas Domhanda

Is féidir an-tairbhe a bhaint as spás taispeántais sa scoil inar féidir le foghlaimeoirí agus múinteoirí dul i ngleic le ceisteanna Ceartais Dhomhanda. Ba mhaith an rud é spás buan a bheith ag an scoil chun eolas faoi cheisteanna OSD agus faoi na tionscadail atá ar bun ag na scoláirí a chur ar taispeáint. Bheadh ar an taispeántas cloí le Cód Iompair Dóchas maidir le hÍomhánna agus Teachtaireachtaí agus ba cheart é a bheith chomh feiceálach agus is féidir do phobal na scoile agus do chuairteoirí.




**UIRLISÍ:**

- Acmhainní ar líne don Phas Domhanda i gcomhair na catagóire "Taispeántais OSD":
  --> http://www.worldwiseschools.ie/passport-resources/gce-displays/

## Cumarsáid (nuachtlitir scoile, suíomh gréasáin/blag na scoile, na meáin shóisialta agus na meáin áitiúla)

Is féidir le scoláirí a gcuid foghlama a chur i láthair lucht féachana níos leithne ná pobal na scoile trí na meáin shóisialta agus na meáin áitiúla. Is iontach na bealaí iad freisin chun cur le spéis na scoláirí i gceist áirithe, ós rud é nach mór dóibh machnamh a dhéanamh agus a gcuid foghlama a chomhtháthú sula dtiocfaidh siad ar bhealach chun an fhoghlaim sin a chomhroinnt and synthesise their learning before developing a means to share it.





**UIRLISÍ:**

- Acmhainní ar líne don Phas Domhanda i gcomhair na catagóire 'Cumarsáid':
  --> http://www.worldwiseschools.ie/passport-resources/communications

## Rannpháirtíocht Chruthaitheach (irisí a chur le chéile, drámaí scoile, scríbhneoireacht, litreacha a scríobh, scríbhneoireacht chruthaitheach, óráidíocht, ealaín, ceol, scannánaíocht, na meáin)

Is scileanna láidre saoránachta domhanda iadsan go léir agus is maith na bealaí iad chun daoine eile a mhealladh chun foghlaim faoi cheist ceartais dhomhanda.




**UIRLISÍ:**

- Acmhainní ar líne don Phas Domhanda i gcomhair na catagóire "Scileanna Saoránachta Domhanda": --> http:www.worldwiseschools.ie/passport-resources/global-citizenship-skills-development

## Rannpháirtíocht le Scoileanna Eile

Téigh i dteagmháil le scoil eile in Éirinn chun an fhoghlaim a chomhroinnt. Is bealach iontach é sin do na scoláirí chun dul i gcomhairle le cohórt níos leithne scoláirí maidir le ceisteanna Ceartais Dhomhanda, chun muinín a chothú agus chun foghlaim ó dhaoine eile.




**UIRLISÍ:**

- Acmhainní ar líne don Phas Domhanda i gcomhair na catagóire "Rannpháirtíocht le Scoileanna Eile":

--> http://www.worldwiseschools.ie/passport-resources/engagement-schools/


#Connecting4change
#WWGSAC19
Good Morning
WorldWise Global
Schools!


Provision
Destroys
People!



IT'S EARTH
NOT
URANUS
CLEAN
up the
EARTH
It's not
URANUS
STRIKE
AGAINST


SETSS
AGAINST
CLIMATE CHANGE
MOTHER
NATURE


530
safe
cycle
lanes

# CÉIM 5 – ATHRÚ A BHAINT AMACH!

I ndeireadh na dála, is é is cuspóir don Oideachas Saoránachta Domhanda ná athrú fiúntach a bhaint amach. Chun cabhrú le scoláirí iniúchadh a dhéanamh ar na cineálacha éagsúla gníomhartha, is féidir leo na huirlisí thíos a úsáid chun cabhrú leo tionscadal gníomhaíochta fiúntach a phleanáil.




Tá an-chuid feachtas ann faoi láthair ar cheisteanna domhanda ar féidir leo a bheith páirteach iontu agus is féidir leis na feachtais sin comhairle a chur oraibh faoi ról na scoile iontu.

***Ná déan dearmad:*** *Is é múscailt feasachta an bloc tógála le haghaidh na gníomhaíochta, agus mar sin déan iarracht gan Céim 4 a fhágáil ar lár! Féach chuige go gcuirfear bunchloch feasachta faoi gach gníomh sa chaoi is go dtuigfidh na scoláirí CÉN FÁTH a bhfuil an cheist seo tábhachtach agus CÉN FÁTH nach mór dúinn athrú a bhaint amach!*

## Cén áit ar féidir athrú a dhéanamh?

Ag brath ar céard é go díreach is mian leat a bhaint amach le do ghníomh, is féidir leat díriú ar cheann amháin acu seo a leanas:

1) An scoil
2) An pobal
3) An stát (dul i bhfeidhm ar an Rialtas)
4) An leibhéal domhanda/idirnáisiúnta

### AN SCOIL:

Ag tógáil ar Chéim 4 (Múscailt Feasachta), is féidir le scoláirí feachtas a bhunú chun athrú a dhéanamh ar iompar na scoláirí sa scoil.

#### Dul i bhfeidhm ar Athrú Iompair

Is minic gurb iad na scoláirí féin an spriocghrúpa is ábhartha ó thaobh iompar a athrú. Is féidir linn tionchar mór a imirt de bharr na roghanna a dhéanaimid maidir leis na rudaí a ithimid, a ídímid agus a úsáidimid.

**Leid:** Ní hiondúil gur cur chuige éifeachtach é rá amach lom le daoine aonair stopadh ag déanamh, ag ceannach nó ag ithe rud éigin. Ní deas an rud é náire a chur ar dhaoine, agus ní éifeachtach an cur chuige é ach an oiread. Mar sin, déan iarracht dul i gcomhairle le daoine agus 'muid' a bheith faoi thrácht agat seachas 'tusa'. B'fhéidir go bhféadfá béim a chur ar roghanna dearfacha eile agus cultúr dearfach a spreagadh maidir le stíleanna maireachtála inbhuanaithe.

**Tuilleadh eolais:** An Pas Domhanda – "Gníomhartha faoi Stiúir na Scoláirí":
**--> http://www.worldwiseschools.ie/passport-resources/student-led-actions/**

#### Athrú Beartais a Bhaint Amach

Ní hionann i gcónaí oideachas a chur ar dhaoine agus athrú buan a dhéanamh ar a n-iompar. Is minic gur gá beartais a athrú freisin chun tacú le hathrú córasach. Tarlaíonn sé go minic go dtagann athrú iompair sna sála ar athrú beartais. Mar shampla, bhí tionchar ag cáin an rialtais ar mhálaí plaisteacha ar iompar daoine maidir le málaí plaisteacha aonúsáide a cheannach agus a úsáid.

**Leid:** Cinntigh go rachaidh sibh i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara go léir sa scoil chun an beartas a fhorbairt. Is mó an seans a bheidh ann ansin go dtacóidh siad libh. Mar shampla, d'fhéadfadh sibh labhairt le múinteoirí, scoláirí, tuismitheoirí, lucht bainistíochta, feighlithe, foireann an cheaintín, srl.

**Tuilleadh eolais:** An Pas Domhanda – "Gníomhartha faoi Stiúir na Scoláirí":
**--> http://www.worldwiseschools.ie/passport-resources/student-led-actions/**

## AN POBAL:

An féidir libh cuireadh a thabhairt don phobal a bheith páirteach i dtionscadal gníomhaíochta OSD na scoile? D'fhéadfaí cuireadh a thabhairt don phobal freastal ar imeacht nó gníomhaíocht a eagróidh na scoláirí, tionscadal a fhorbairt i gcomhar le grúpa pobail, nó páirt a ghlacadh i bhfeachtas pobail atá ar bun cheana féin. Is iomaí rogha atá ann!

### Páirt a Ghlacadh i bhFeachtas atá ar Bun Cheana Féin

Féach an bhfuil aon ghrúpa gníomhach i do phobal atá ag plé cheana féin leis an gceist ar mian leat díriú uirthi. D'fhéadfadh roinnt deiseanna spéisiúla a bheith ann duit chun cuidiú le feachtas atá ar bun cheana, nó b'fhéidir go mbeidh lucht an fheachtais sin in ann roinnt smaointe maithe a thabhairt daoibh agus comhairle a chur oraibh óna dtaithí féin.

**Leid:** Má tá tú ag glacadh páirt i bhfeachtas atá ar bun cheana, smaoinigh ar ghné úr a d'fhéadfá a chur leis. Cad iad na smaointe agus na scileanna atá agat a d'fhéadfadh cur le luach an fheachtais atá ar bun cheana? Fiafraigh de lucht an fheachtais conas is féidir leat cabhrú leo ach bí cinnte nach díreach ag coinneáil meirgí in airde do dhuine eile a bheidh tú! Féach ar an dréimire rannpháirtíochta chun bheith cinnte go mbeidh rud fiúntach á dhéanamh agat:
**--> http://www.worldwiseschools.ie/passport-resources/student-gce-committee/**

### Tabhair Cuireadh don Phobal a theacht isteach sa Scoil

Seans go bhfuil sibh ag obair ar cheist arbh fhiú a chur i láthair an phobail i gcoitinne, nó atá ag dul i bhfeidhm cheana ar roinnt daoine sa phobal. An bhfuil deis ann imeacht tráthnóna a eagrú do thuismitheoirí agus don phobal? Deis a bheidh ann le heolas a chomhroinnt nó idirphlé a chothú.

**Leid:** Más mian leat dul i gcomhairle le grúpaí pobail ar cheisteanna ar nós na himirce nó an tsoláthair dhírigh, déan teagmháil le heagraíochtaí a bhíonn ag obair leis na daoine a bhfuil tionchar díreach ag na ceisteanna sin orthu chun comhairle agus smaointe a fháil uathu maidir le tionscadal a fhorbairt. Sula socróidh tú conas a d'fhéadfaí cabhrú le grúpa daoine, cuir ceist orthu cad ba mhaith leo féin!

**Tuilleadh Eolais**: Féach ar ár mbileoga acmhainní faoi réimse ceisteanna ceartais dhomhanda le haghaidh tuilleadh smaointe.
**--> http://www.worldwiseschools.ie/resource-library/**

## AN STÁT (DUL I BHFEIDHM AR AN RIALTAS) AGUS AN TAONTAS EORPACH:

Is bealach cumhachtach é an rannpháirtíocht le hionadaithe polaitiúla chun tionchar a imirt ar bheartais agus ar reachtaíocht agus chun lucht na cumhachta a choinneáil cuntasach. Is bealach iontach é freisin do na scoláirí chun muinín agus scileanna saoránachta a chothú. Seo roinnt smaointe.

Here are some ideas:

### Stocaireacht Duine le Duine



Tabhair cuireadh don Teachta Dála i do cheantar féin teacht chuig an scoil ionas gur féidir libh ceist a phlé, nó d'fhéadfá féin cuairt a thabhairt air nó uirthi san oifig dáilcheantair.

**Leid:** Déan cinnte de go mbeidh tú faoi réir agus go mbeidh ceisteanna ullmhaithe agat a bhfuil taighde déanta agat fúthu.

**Tuilleadh eolais:** Tá rannóg ar leathanach 33 de *Young Friends on the Earth – Young Activist Handbook (2012)* faoi conas dul i mbun cruinniú le hoifigigh.
**--> https://www.developmenteducation.ie/media/documents/YFOE_Activist_Handbook_2012.pdf**

### Teachtaireacht a chur chuig Polaiteoirí

Is féidir teagmháil a dhéanamh le polaiteoirí ar an ríomhphost, trí litreacha a sheoladh agus ar na meáin shóisialta.

**Leid:** Cinntigh go ndéanfaidh na scoláirí a gcuid taighde. Tabhair breac-chuntas ar na ceisteanna, ar an tábhacht a bhaineann leo agus ar an gcúram atá ortsa. Féach 'Uirlisí' ag deireadh na rannóige seo le haghaidh acmhainní agus treorach. See 'Tools' at the end of this section for resources and guidance.

## CORPARÁIDÍ:

De réir mar a athraíonn na hionchais a bhíonn ag saoránaigh, ní mór do chorparáidí breathnú go géar ar an gcaoi ar féidir leo cur lena dtionchar sóisialta agus a lorg comhshaoil a laghdú. Smaoinigh ar chorparáidí ar mhaith leat teagmháil a dhéanamh leo chun athrú a spreagadh. An féidir leat réitigh a mholadh do na corparáidí sin ionas go spreagfar iad chun feabhas a chur orthu féin agus cleachtais níos inbhuanaithe a chothú? Conas is féidir leat é sin a dhéanamh?

### Déan teagmháil le daoine!

- Déan taighde faoi na corparáidí éagsúla ar mhaith leat díriú orthu.
- Pleanáil conas a dhéanfaidh tú teagmháil leis na corparáidí sin.

**Leid:** Iarr ar ghnólachtaí i do cheantar féin comhairle a chur ort faoi sin. An bhfuil aon duine ann a d'fhéadfadh comhairle a chur ort nó tú a threorú tríd an bpróiseas sin?

### Feachtais ar líne a dhéanann stocaireacht ar mhaithe le hathrú

Cothaíonn feachtais ar líne feasacht ar iompar neamheiticiúil a bhíonn ar siúl ag branda, agus úsáideann siad achainíocha agus gníomhartha eile chun iarraidh ar an gcorparáid a mbeartais agus a gcleachtais a athrú.

**Leid:** Tá roinnt eagraíochtaí ann atá ag obair cheana féin chun athrú a bhaint amach. Téigh i dteagmháil leo agus pléigh conas a d'fhéadfadh do scoil féin cuidiú leis an bhfeachtas.

**Tuilleadh eolais:**

- Cabhróidh *change.org* leat féin achainí ar líne a chur ar bun:

**--> http://www.change.org**

- Tá bileoga acmhainní eolais ag WWGS ina bhfuil liosta eagraíochtaí a bhíonn ag obair ar théamaí sonracha OSD.
- Tá feachtais ar líne éagsúla ag *sumofus.org* ar féidir le scoláirí foghlaim fúthu. Luaitear eolas faoi gach feachtas agus is féidir le scoláirí atá os cionn 16 bliana d'aois na hachainíocha a shíniú:

**--> http://www.sumofus.org/campaigns/**

### Baghcait

Is cineál feachtais é baghcat ina n-iarrtar ar thomhaltóirí stopadh ag ceannach táirgí nó brandaí áirithe mar gheall ar ábhair imní faoi chúrsaí eitice. Is é is aidhm le baghcat ná dochar a dhéanamh don cháil atá ar chuideachta, dá chuid díolachán agus dá branda más rud é go meastar nach cuideachta eiticiúil í, chun í a spreagadh lena cuid beartas agus a cuid cleachtas a athrú. Is féidir le scoláirí baghcat nua dá gcuid féin a chur ar bun, nó páirt a ghlacadh i mbaghcat atá ar bun cheana.

**Leid:** Déan cinnte de go gcuirfidh sibh litir nó ríomhphost chuig an gcuideachta faoin mbaghcat.

**Tuilleadh eolais:** Ar an suíomh "Ethical Consumer", tugtar liosta de na baghcait atá ar chuideachtaí ar chúiseanna éagsúla ar nós chearta an duine, seachaint cánach agus cúiseanna polaitíochta:
**--> http://www.ethicalconsumer.org/ethicalcampaigns/boycotts/**




### 1 - SPRIOCANNA DOMHANDA
cé na spriocanna domhanda a ndéanfaidh tú iniúchadh orthu?

### 2 - AIDHM
Cén t-athrú atá uait a bhaint amach i ndeireadh na dála?

### 3 - SPRIOC
Cé aige a bhfuil an chumhacht chun an fíor-athrú a dhéanamh is gá chun an aidhm a bhaint amach (duine, eagraíocht, rialtas)?

### 4 - EOLAS
Cad é a chaithfidh a bheith ar eolas ag an sprioclucht éisteachta faoin sprioc nó faoin tsaincheist seo? Mar shampla, eolas, fíricí, cás-staidéir

### 4 - CUMARSÁID
Cad iad na bealaí is oiriúnaí chun an t-eolas sin a chur in iúl don sprioclucht éisteachta?



### 5 - CONAS
– Cén chaoi a bhfaighidh tú gach duine ar bord?

### 5 - CÉ
Cé a chaithfidh a bheith ag tacú leat?

### 6 - CEANNAIREACHT
Cén fhoireann lárnach a stiúrfaidh an tionscadal?

### 7 - BACAINNÍ
Conas a d'fhéadfaí tú a chur den bhóthar ceart? Cad iad na deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith romhat agus conas a dhéileálfaidh tú leo?

### 8 - CÚRAIMÍ
Cad a dhéanfaidh tusa?

### 8 - SPRIOCDHÁTA/SCEIDEAL
Cén uair a chaithfear gach tasc a bhaint amach?

### 9 - ACMHAINNÍ
Cad a bheidh ag teastáil uait chun do phlean a chur i bhfeidhm?



**UIRLISÍ:**

## Seicliosta maidir le Fiúntas Gnímh

Cuideoidh an seicliosta seo le scoláirí machnamh cúramach a dhéanamh ar a ngníomhartha.

| Ceisteanna ar cheart smaoineamh orthu | |
|---|---|
| An bhfuil an gníomh bunaithe ar fhíricí ábhartha agus ar scéalta fíora? | |
| An dtugann an gníomh cumhacht don duine ceart?<br>An spreagfaidh sé daoine eile chun gníomh a dhéanamh? | |
| An ndéanfar iniúchadh ar cheist a bhfuil baint aige le do cheantar féin agus leis an domhan mór? | |
| An bhfuil an gníomh ag dul i ngleic le saincheist atá dírithe ar cheartas?<br>An dtugann sé aghaidh ar éagothroime nó éagóir i dtaobh cumhachta?<br>An bhfuil sé dírithe ar athrú a bhaint amach? | |
| Is it designed to achieve change? | |

## FOINSÍ BREISE:

- Young Friends of the Earth - Young Activist Handbook

Is acmhainn é seo a oireann go mór do dhaoine óga. Ní bheidh baint ag gach cuid den lámhleabhar leis na scoláirí ach tá cuid mhaith píosaí an-mhaith ann, ar nós: 'Campaign map', 'How to Lobby an Official', 'List of Political Documentaries', 'Film Production and Editing – the basics'. Gheobhaidh tú tuilleadh acmhainní ar an suíomh gréasáin féin.

**--> http://www.developmenteducation.ie/media/documents/YFOE_Activist_Handbook_2012.pdf**

- Comhaontuithe Domhanda, Abhcóideacht de chuid an Phobail: Daoine óga agus rialachas ar domhan tar éis 2015

Uirlisí atá ceaptha lena n-úsáid ag daoine óga sa chaoi is go n-éistfear leo. Plean simplí seacht gcéim, in éineacht le teimpléid chun dul i ngleic le lucht cinnteoireachta ar mhaithe le hathrú a spreagadh. Dírítear ar chuidiú le daoine óga i gcoitinne labhairt amach ach is féidir gníomhaíochtaí a oiriúnú chun díriú ar labhairt amach chun tacú le téama Ceartais Dhomhanda ar leith.

**--> http://restlessdevelopment.org/file/global-agreements-grassroots-advocacy-toolkit.pdf**

- Comhlámh - Be the Change: A toolkit for taking action against poverty and Injustice

A lán leideanna maidir le feachtas a chur ar bun, do theachtaireacht a chur in iúl agus an leas is fearr a bhaint as na meáin chumarsáide. Ní oireann gach rud atá ann do scoláirí ach tá uirlisí áisiúla ann.


**--> http://developmenteducation.ie/media/documents/bethechangeWEB.pdf**

- The Info - Treoir maidir le conas bheith i mbun gníomhaíochais

Cé go ndealraíonn sé go bhfuil an acmhainn seo dírithe ar ghrúpaí feachtais, tá go leor uirlisí sa treoir freisin (faoin gcuid 'Just the Essentials') a bheidh áisiúil do scoláirí ar mian leo feachtas a chur ar bun ó thús deireadh agus nach mór dóibh smaoineamh ar a spriocluchtéisteachta agus a gcuid teachtaireachtaí--> **https://howto.informationactivism.org**

# CÉIM 6 – MACHNAMH, TUAIRISCIÚ AGUS AN CHÉAD CHÉIM EILE?!

Bímid seasta ag foghlaim! Tá an machnamh ina chuid lárnach de OSD a dhéanamh i do scoil féin. Tugann sé an deis do na scoláirí agus do na múinteoirí seasamh siar ón bhfoghlaim, í a dhaingniú agus pleanáil a dhéanamh maidir le leanúint leis an OSD agus iniúchadh níos doimhne a dhéanamh ar théamaí a bhaineann leis.




## Machnamh – Uirlis Féinmheasúnaithe:

Ceapadh an Uirlis Féinmheasúnaithe lena thomhas an bhfuil aon athrú nó tionchar ann de bharr na hoibre a bhí ar siúl sa scoil i rith na bliana ar an Oideachas Saoránachta Domhanda.

Ní mór do na múinteoirí agus na scoláirí an fhoirm a líonadh isteach sula dtosóidh siad ar an gclár oibre OSD agus arís nuair a bheidh an obair sin críochnaithe acu. *Féach na foirmeacha samplacha ar leathanach 34, le do thoil.*

Iarrann WWGS go líonfar isteach foirmeacha maidir le 30% de na scoláirí go léir a bhfuil baint acu leis na gníomhaíochtaí OSD, agus maidir leis na múinteoirí go léir a bhfuil baint acu leo.



### UIRLISÍ:

Tá foirmeacha ar líne agus leaganacha páipéir ar fáil, ach molann Scoileanna Domhanda WorldWise gur ar líne a líonfaí isteach iad más féidir. **Cén fáth arbh fhearr iad a líonadh isteach ar líne?** *Ní gá aon rud a phriontáil, ná na torthaí a phróiseáil, agus ní bheidh aon pháipéarachas i gceist!*

### Féinmheasúnú ar líne

Ní mór do na scoláirí fón póca nó ríomhaire a úsáid chun na foirmeacha a líonadh isteach. Gheobhaidh tú treoracha maidir le conas dul chuig na foirmeacha ar líne i Limistéar na Múinteoirí ar shuíomh gréasáin WWGS:
**--> http://www.worldwiseschools.ie/already-involved/**

### Foirmeacha páipéir

Cinntigh go scríobhfaidh na scoláirí a n-ainmneacha ar na foirmeacha agus coinnigh iad in áit shábháilte go dtí deireadh an chláir oibre OSD. Cinntigh go líonfaidh tú isteach teimpléad tuairiscithe an fhéinmheasúnaithe le torthaí na scoláirí. Is é an tairbhe a bhaineann leis na foirmeacha páipéir gur féidir leat na táscairí a oiriúnú do na téamaí OSD a roghnaigh sibh féin, chun torthaí níos sainiúla a fháil.

Íoslódáil na foirmeacha ar líne agus na cinn pháipéir agus na treoracha ag an nasc seo:
**--> http://www.worldwiseschools.ie/tools/**

Féach ar an bhfíseán ar an suíomh gréasáin: **"How to Complete SATs"**


## Tuairisciú

Ceanglaíonn Scoileanna Domhanda WorldWise, i gcás gach scoil a fhaigheann maoiniú, nach mór di tuairisc a thabhairt ar a cuid gníomhaíochtaí agus ar a caiteachas. Tá codanna éagsúla i gceist ansin:

- **Tuairisc Inste** - Cur síos ar na gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu i rith na bliana agus an tacaíocht a fuarthas
- **Tuairisc ar Chaiteachas** - Tuairisc ar an airgead a caitheadh ar ghníomhaíochtaí OSD i rith na bliana *(féach ar leathanach 38 le haghaidh tuilleadh eolais faoi do bhuiséad agus faoi cé na rudaí atá incháilithe do mhaoiniú)*
- **Torthaí an Fhéinmheasúnaithe** - Chun léargas a thabhairt ar an tionchar a bhí ag an tionscadal ar na múinteoirí agus ar na scoláirí



*Expenditure Report*



*Narrative Report*

### Cén fáth nach mór tuairisc a thabhairt?


- Chun machnamh agus ceiliúradh a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí OSD a rinneadh
- Chun aiseolas a fháil ó na scoláirí agus ó na múinteoirí chun pleanáil OSD na bliana seo chugainn a threorú
- Chun bheith cuntasach maidir le cistí rialtais
- Chun aiseolas a thabhairt do WWGS maidir le conas an clár a fheabhsú chun freastal ar do chuid riachtanas féin

*Féach Limistéar na Múinteoirí ar shuíomh gréasáin WWGS chun logáil isteach i do chuntas ar líne agus tuilleadh sonraí a fháil faoi conas tuairisciú a dhéanamh ar líne:*
**--> http://www.worldwiseschools.ie/already-involved/**

## An chéad chéim eile?!

Cuir iarratas isteach ar mhaoiniú WWGS don chéad scoilbhliain eile! Bíonn foghlaim nua le déanamh gach bliain. Agus tú ag cur isteach ar dheontas na bliana seo chugainn, seo roinnt ceisteanna le cur ort féin:

- Conas is féidir linn cuidiú leis na scoláirí tionscadail a threorú?
- Conas is féidir linn tuilleadh comhghleacaithe a mhealladh chun bheith páirteach linn?
- Conas is féidir linn scoláirí a chur ag obair ar thionscadail níos fiúntaí?
- Conas is féidir linn leanúint ar aghaidh ag spreagadh spéise i measc na scoláirí atá ag gabháil don OSD faoi láthair agus cohórt nua scoláirí á mhealladh againn an tráth céanna?
- An bhfuil aon chéimeanna áirithe ann a d'fhéadfaimis a neartú an bhliain seo chugainn?
- Cén tacaíocht a bheadh ag teastáil uainn ó WWGS chun é sin a dhéanamh?
- Conas is féidir liom cur leis an eolas atá agam agus mo chuid rannpháirtíochta a threisiú?
- Cén Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach agus cén acmhainní a chuideodh liom? Céard eile a chuideodh liom?



IS É AN SPRIOCDHÁTA I gCOMHAIR TUAIRISCIÚ I LEITH NA SCOILBHLIANA 2019/2020 AGUS IARRATAS A DHÉANAMH I LEITH 2020/2021 NÁ AN **15TH BEALTAINE 2020.**

# AGUISÍN 1: UIRLIS FÉINMHEASÚNAITHE WWGS

## UIRLIS FÉINMHEASÚNAITHE – SCOILEANNA DOMHANDA WORLDWISE

**Ainm:** ______________________________
**Ainm na Scoile:** ___________________________

*FOIRM AN MHÚINTEORA (2019/20)*

**Déantar an ghníomhaíocht seo sula dtabharfaidh tú faoi thionscadal, gníomhaíocht nó rang OSD sa scoil, agus arís ina dhiaidh nó ina diaidh. Is é is aidhm léi fáil amach an bhfuil athrú tagtha ar do chuid eolais, scileanna, meonta agus gníomhartha mar gheall ar an bpáirt a ghlac tú sa tionscadal, sa ngníomhaíocht, nó sa rang.**

**Treoracha:**

1. *Roimh an tionscadal:* Smaoinigh ar an méid atá ar eolas agat faoi na ráitis i ngach ceann de na boscaí thíos. Tabhair scór do gach ráiteas ar **scála idir 0-5** ag brath ar cé acu an aontaíonn tú leis nó nach n-aontaíonn ***(0 = Ní aontaím ar chor ar bith agus 5 = Aontaím go hiomlán)***
2. *Tar éis an tionscadail:* Tabhair scór do na ráitis chéanna anois ag brath ar cé acu an aontaíonn tú leo nó nach n-aontaíonn.
3. Cuir le chéile do chuid scór sna colúin 'roimh' agus 'tar éis' ag bun an leathanaigh.

| Scór 'Roimh' | EOLAS | Scór 'Tar Éis' |
|---|---|---|
| | Tá a fhios agam cad is Oideachas Saoránachta Domhanda (OSD) ann ('Oideachas Forbartha' a thugtaí air roimhe seo) | |
| | Tá a fhios agam cén áit a bhfaighinn eolas agus ábhar tacaíochta i gcomhair OSD | |
| | Tá a fhios agam conas is féidir OSD a chur san áireamh i ngnéithe éagsúla de shaol na scoile (gnéithe curaclaim, gnéithe seach-churaclaim, beartas na scoile srl.) | |
| | Tuigim gur ar scáth a chéile a mhaireann na daoine ar fud an domhain (maidir le trádáil, bia, obair, saol sóisialta, cúrsaí comhshaoil) | |
| | Is eol dom na bunchúiseanna atá leis an éagothroime ar domhan – an cúlra agus na fórsaí a d'fhág cúrsaí mar atá | |
| | ← *CUIR LE CHÉILE DO CHUID SCÓR 'ROIMH' AGUS 'TAR ÉIS'* → | |

| Scór 'Roimh' | MEONTA AGUS LUACHANNA | Scór 'Tar Éis' |
|---|---|---|
| | Tuigim gur fiú OSD a chomhtháthú sa scoil | |
| | Braithim gur cheart an chumhacht a thabhairt do scoláirí le bheith ina saoránaigh dhomhanda ghníomhacha (a fhios a bheith acu cé na cearta atá acu agus cé na freagrachtaí atá orthu, agus a bheith in ann gníomh a dhéanamh chun an saol a fheabhsú) | |
| | Seasaim gualainn ar ghualainn le daoine nach gcaitear go cothrom leo ar domhan (ní hé díreach go bhfuil trua agam dóibh, ach seasaim leo ar son athrú) | |
| | Creidim gur tábhachtach an rud é meas a bheith ag na scoláirí ar an éagsúlacht (ina bpobail, in Éirinn agus ar domhan) | |
| | Feicim an tábhacht a bhaineann le cur chuige láidir bunaithe ar cheartas agus ar ghníomhú a ghlacadh i leith an Oideachais Saoránachta Domhanda (seachas cur chuige atá bunaithe ar charthanacht agus ar bhailiú airgid) | |
| | ← *CUIR LE CHÉILE NA SCÓIR 'ROIMH' AGUS 'TAR ÉIS'* → | |

| Scór 'Roimh' | SCILEANNA | Scór 'Tar Éis' |
|---|---|---|
| | Bheadh muinín agam asam féin agus modheolaíochtaí foghlama gníomhaí á n-úsáid agam sa seomra ranga chun cuidiú le scoláirí foghlaim faoi cheisteanna Ceartais Dhomhanda (mar shampla, rólghlacadh, díospóireacht siúlóide, rangú diamant…) | |
| | Táim in ann eolas iontaofa a aimsiú do mo chuid scoláirí faoi cheisteanna a bhaineann le ceartas domhanda | |
| | Is furasta agam díospóireachtaí agus plé measúil a chur ar bun do na scoláirí faoi cheisteanna a bhaineann le ceartas domhanda | |
| | Is féidir liom cuidiú leis na scoláirí scileanna oideachais piaraí a chothú (sa chaoi is gur féidir leo an méid a fhoghlaimíonn siad faoin gceartas domhanda a roinnt lena chéile nó le scoláirí eile) | |
| | Is féidir liom cuidiú leis na scoláirí machnamh a dhéanamh ar a lán rudaí éagsúla is féidir a dhéanamh maidir le ceist ceartais dhomhanda agus tuigim cé na gníomhartha a d'fhéadfaí a bhaint amach agus a mbeadh fíor-athrú ina thoradh orthu | |
| | ç CUIR LE CHÉILE NA SCÓIR 'ROIMH' AGUS 'TAR ÉIS' è | |

| Scór 'Roimh' | GNÍOMH | Scór 'Tar Éis' |
|---|---|---|
| | Ceistím steiréitíopaí (mo chuid féin agus cinn a bhíonn ag na scoláirí) agus cuirim ina gcoinne | |
| | Déanaim machnamh faoin gcaoi a mairim (na rudaí a cheannaím, a úsáidim, a ithim srl.) ionas nach mbeidh drochthionchar ag mo chuid roghanna féin ar dhaoine | |
| | Téim ag obair le múinteoirí eile as mo stuaim féin chun cur le scála agus éifeachtúlacht an Oideachais Saoránachta Domhanda sa scoil | |
| | Tugaim an deis do na scoláirí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí scoile a bhaineann leis an gceartas sóisialta ar domhan, agus na gníomhaíochtaí sin a threorú | |
| | Glacaim féin páirt i bhfeachtais nó i dtionscadail a bhaineann le ceartas domhanda | |
| | ← *CUIR LE CHÉILE NA SCÓIR 'ROIMH' AGUS 'TAR ÉIS'* → | |

| **Cad é an rud is mó *a d'fhoghlaim tú* ón tionscadal, gníomhaíocht, nó rang Oideachais Saoránachta Domhanda (OSD) a stiúradh sa scoil?** | **Cad é an rud is mó a chuir do dhúshlán faoi OSD a bheith faoi do chúram sa scoil?** |
|---|---|
| | |
| **Cad é *an tionchar is mó atá ag OSD* i do scoil féin, dar leat?** | **Cén *oiliúint nó tacaíocht* ar mhaith leat a fháil ó WWGS maidir le OSD?** |
| | |

# UIRLIS FÉINMHEASÚNAITHE – SCOILEANNA DOMHANDA WORLDWISE

*FOIRM NA SCOLÁIRÍ (2019/20)*

***Ainm:*** ___________________________
***Ainm na Scoile:*** ________________________
***Blaianghrúpa:*** ____________________________

**Déantar an ghníomhaíocht seo sula dtabharfaidh tú faoi thionscadal /gníomhaíocht/ rang a bhaineann le ceartas domhanda sa scoil, agus arís ina dhiaidh nó ina diaidh. Is é is aidhm léi fáil amach an bhfuil athrú tagtha ar do chuid eolais, scileanna, meonta agus gníomhartha mar gheall ar an bpáirt a ghlac tú sa tionscadal, sa ngníomhaíocht, nó sa rang.**

**Treoracha:**

1. *Roimh an tionscadal:* Smaoinigh ar an méid atá ar eolas agat faoi na ráitis i ngach ceann de na boscaí thíos. Tabhair scór do gach ráiteas ar **scála idir 0-5** ag brath ar cé acu an aontaíonn tú leis nó nach n-aontaíonn ***(0 = Ní aontaím ar chor ar bith agus 5 = Aontaím go hiomlán)***
2. *Tar éis an tionscadail:* Tabhair scór do na ráitis chéanna anois ag brath ar cé acu an aontaíonn tú leo nó nach n-aontaíonn.
3. Cuir le chéile do chuid scór sna colúin 'roimh' agus 'tar éis' ag bun an leathanaigh.

| Scór 'Roimh' | EOLAS | Scór 'Tar Éis' |
|---|---|---|
| | Tá a fhios agam go bhfuilimid ag maireachtáil i ndomhan éagothrom atá ag athrú go tapa | |
| | Tá a fhios agam faoi na mórcheisteanna comhshaoil agus ceartais inár saol | |
| | Tuigim gur ar scáth a chéile a mhaireann na daoine ar fud an domhain (maidir le trádáil, bia, obair, saol sóisialta, cúrsaí comhshaoil srl.) | |
| | Tuigim na hathruithe is gá dúinn a dhéanamh inár saol sa chaoi is go mbeidh an domhan níos cothroime agus níos inbhuanaithe do chách | |
| | Is eol dom na bunchúiseanna atá leis an éagothroime ar domhan – an cúlra agus na fórsaí a d'fhág cúrsaí mar atá | |
| | ← *CUIR LE CHÉILE DO CHUID SCÓR 'ROIMH' AGUS 'TAR ÉIS'* → | |

| Scór 'Roimh' | MEONTA AGUS LUACHANNA | Scór 'Tar Éis' |
|---|---|---|
| | Ceapaim gur tábhachtach an rud é foghlaim faoi cheisteanna ceartais dhomhanda ar fud an domhain | |
| | Creidim go bhfuil riachtanais agus cearta daoine eile (in Éirinn agus ar fud an domhain) chomh tábhachtach le mo riachtanais agus mo chearta féin | |
| | Ceapaim gur maith an rud é luachanna, creidimh agus traidisiúin éagsúla a bheith sna pobail agus sa chultúr ina bhfuil cónaí ormsa | |
| | Seasaim gualainn ar ghualainn le daoine nach gcaitear go cothrom leo ar domhan (ní hé díreach go bhfuil trua agam dóibh nó go bhfuilim buíoch go bhfuil mo shaol féin níos fearr, ach seasaim leo ar son athrú) | |
| | Braithim gur saoránach domhanda gníomhach mé (tá a fhios agam cé na cearta atá agam agus cé na freagrachtaí atá orm, agus is féidir liom gníomh a dhéanamh chun an saol a fheabhsú) | |
| | ← *CUIR LE CHÉILE NA SCÓIR 'ROIMH' AGUS 'TAR ÉIS'* → | |

| Scór 'Roimh' | SCILEANNA | Scór 'Tar Éis' |
|---|---|---|
| | Is féidir liom mo thuairimí a insint do na scoláirí eile i mo rang agus díospóireacht a dhéanamh leo faoi cheisteanna domhanda ar bhealach measúil | |
| | Bíonn muinín agam asam féin nuair a bhíonn mo chuid foghlama faoi cheisteanna ceartais dhomhanda á roinnt le scoláirí eile agam, agus táim sásta foghlaim uathu | |
| | Is féidir liom féin eolas a chuardach faoi cheisteanna ceartais dhomhanda agus aithním cén t-eolas ar féidir brath air | |
| | Is féidir liom machnamh a dhéanamh faoi ghníomhartha éagsúla chun tabhairt faoi cheisteanna ceartais dhomhanda agus is féidir liom a mheas cé na gníomhartha a spreagfaidh athrú ceart | |
| | Bíonn muinín agam asam féin agus mé ag obair mar dhuine d'fhoireann chun gníomh a dhéanamh maidir le ceist ceartais dhomhanda | |
| | ← *CUIR LE CHÉILE NA SCÓIR 'ROIMH' AGUS 'TAR ÉIS'* → | |

| Scór 'Roimh' | GNÍOMH | Scór 'Tar Éis' |
|---|---|---|
| | Ceistím steiréitíopaí (mo chuid féin agus cinn a bhíonn ag daoine eile) agus cuirim ina gcoinne | |
| | Déanaim machnamh faoin gcaoi a mairim (na rudaí a cheannaím, a úsáidim, a ithim srl.) ionas nach mbeidh drochthionchar ag mo chuid roghanna féin ar dhaoine ná ar an bpláinéad | |
| | Tá tionscadal forbartha agam (liom féin nó le daoine eile), ó smaoineamh go gníomh, a thugann aghaidh ar cheist a bhaineann le ceartas domhanda | |
| | Glacaim páirt i bhfeachtais nó tionscadail ceartais dhomhanda sa scoil nó lasmuigh den scoil | |
| | Déanaim iarracht ghníomhach daoine eile a spreagadh chun foghlaim faoi cheisteanna ceartais dhomhanda agus gníomhú ina leith | |
| | ← *CUIR LE CHÉILE NA SCÓIR 'ROIMH' AGUS 'TAR ÉIS'* → | |

| **Cén rud is mó *a d'fhoghlaim* tú ó bheith páirteach sa tionscadal, sa ghníomhaíocht nó sa rang Ceartais Dhomhanda seo?** | **An bhfuil *athrú tagtha ar mheon nó tuairim ar bith a bhí agat* mar gheall ar an bpáirt a ghlac tú? Má tá, *conas*?** |
|---|---|
| | |
| ***Cad a dhéanfaidh tú,* más rud ar bith, mar gheall ar an méid atá foghlamtha agat?** | **Cad iad *na moltaí* atá agat maidir leis an gcaoi a bhféadfaí an tionscadal, an ghníomhaíocht nó an rang seo a fheabhsú chun cuidiú leat níos mó a fhoghlaim?** |
| | |

# AGUISÍN 2: RUDAÍ ATÁ INCHÁILITHE DO MHAOINIÚ

Seiceáil Buiséad Ceadaithe na scoile ar d'iarratas ar líne chun sonraí a fháil faoin méid a ndearna tú iarratas ina leith. Má thagann athrú ar phleananna i rith na bliana, is féidir leat cuid den bhuiséad a athdháileadh (iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú nach bhfuil i gceist agat a chaitheamh a aistriú ó líne bhuiséid amháin go ceann eile) trí d'Oifigeach Oideachais.


Tabhair faoi deara nach mór duit cead a fháil roimh ré ó d'Oifigeach Oideachais sula ndéanfaidh tú athruithe ar do bhuiséad.

Tá treoir thíos maidir leis na cineálacha rudaí is féidir leat an maoiniú a úsáid ina leith. Tá tuilleadh sonraí sna treoirlínte a ghabhann leis an nglao deontais maidir leis na rudaí nach féidir íoc astu leis an deontas ó WWGS: --> **http://www.worldwiseschools.ie/wp-content/uploads/2019/04/WWGS-Grant-Call-Guidelines-2019-Schools-Clusters.pdf**

| Rudaí atá Incháilithe de réir an Iarratais | Rudaí Sonracha atá Incháilithe do Mhaoiniú |
|---|---|
| **Pleanáil agus Oiliúint** | |
| Costas múinteora ionaid chun an cruinniú (na cruinnithe) pleanála OSD a chlúdach | - Déan teagmháil le d'Oifigeach Oideachais chun aon cheann de na cineálacha tacaíochta saor in aisce seo a chur ar an sceideal i gcomhair na scoile. |
| FGL do mhúinteoirí maidir le OSD (mar shampla, costais an éascaitheora/na n-éascaitheoirí, na n-ábhar, srl.) | |
| Acmhainní OSD do mhúinteoirí nó don leabharlann | |
| Forbairt a dhéanamh ar bheartas scoile maidir le OSD (mar shampla, cruinnithe, múinteoir ionaid, ábhair srl.) | |
| **Teagasc agus Foghlaim** | |
| Duine nó daoine chun ceardlann sheachtrach OSD a éascú | - Éascaitheoir agus táillí taistil |
| Turas nó turais allamuigh OSD | - Táille iontrála<br>- Costais taistil |
| Cruinnithe comhairliúcháin leis na scoláirí | - Buiséad do ghníomhaíochtaí choiste OSD na scoláirí<br>- Sólaistí i gcomhair na gcruinnithe |
| Rannpháirtíocht le cláir OSD náisiúnta (mar shampla, dúshlán na Nuálaithe Sóisialta Óga *Making Our World One World*, Gradam BTYSTE don Eolaíocht ar mhaithe leis an bhForbairt, díospóireachtaí de chuid Concern) | - Ábhair i gcomhair tionscadail ghníomhaíochta a bhaineann le téamaí Ceartais Dhomhanda ar cuireadh isteach ar na cláir seo iad<br>- Taisteal go dtí Searmanas na nGradam<br>- Costais a bhaineann le hiarratas |
| Cothú na gComhpháirtíochtaí Scoile Domhanda atá ann cheana féin (mar shampla, tionscadail chumarsáide agus chomhfhoghlama le scoil chomhpháirtíochta sa Domhan Theas) | - Ábhair le haghaidh comhthionscadal foghlama<br>- Costais chumarsáide<br>- Táillí poist chun tionscadail a mhalartú |

| Rudaí atá Incháilithe de réir an Iarratais | Rudaí Sonracha atá Incháilithe do Mhaoiniú |
|---|---|
| **Gníomh a Dhéanamh** | |
| Ábhair le haghaidh tionscadail ghníomhaíochta OSD faoi stiúir na scoláirí | - Costais na n-ábhar i gcomhair tionscadail ghníomhaíochta de chuid na scoláirí |
| Imeacht nó imeachtaí scoile a bhfuil téama OSD acu | - Ábhair le haghaidh an imeachta<br>- Cainteoirí<br>- Cuidiú íoc as na sólaistí<br>- Ábhair feasachta ar an téama<br>- Costas gníomhaíochta, mar shampla scannán, ábhair srl. a cheannach, córas fógartha poiblí a fháil ar cíos |
| Imeachtaí/gníomhartha OSD i measc an Phobail (mar shampla, taispeántais, taibhléirithe) | - Táillí na n-éascaitheoirí<br>- Sólaistí<br>- Córas fógartha poiblí a fháil ar cíos |
| **Cumarsáid agus Ceiliúradh** | |
| Cumarsáid a bhaineann go sonrach le OSD (mar shampla, suíomh gréasáin, nuachtlitir, nuachtán, blaganna) | - Éascaitheoirí seachtracha chun scileanna a mhúineadh<br>- Costais an chlóbhuailte<br>- Stoc-íomhánna a cheannach |
| Taispeántas OSD | - Clár taispeána<br>- Ábhair thaispeána<br>- Priontáil/lannú (dúch, páipéar, tiachóga) |
| Ábhair a ullmhú chun feasacht a mhúscailt (mar shampla, cuir i láthair, bileoga, físeáin) | - Ábhair<br>- Priontáil/lannú (dúch, páipéar, tiachóga) |

Tábla 3: Rudaí atá Incháilithe do Mhaoiniú



# AGUISÍN 3: NAISC ÚSÁIDEACHA

### Suíomh Gréasáin Scoileanna Domhanda WorldWise

**--> http://www.worldwiseschools.ie**

Féach ar shuíomh gréasáin Scoileanna Domhanda WorldWise i gcomhair acmhainní breise chun tacú leis an obair OSD atá ar bun agat.

### Scoileanna Domhanda WorldWise ar na Meáin Shóisialta

Lean Scoileanna Domhanda WorldWise ar Facebook (WorldWise Global Schools) agus Twitter (@WorldWise_Irl).

### Naisc le hÁbhar Teagaisc agus Foghlama:

**--> www.developmenteducation.ie**

Tá an chuid is mó de na hábhair theagaisc agus foghlama a theastóidh uaibh anseo, agus ina measc tá pleananna ceachta, acmhainní téamacha agus acmhainní a bhaineann le hábhair áirithe, chomh maith le grianghraif, cartúin, físeáin agus ábhair eile chun na scoláirí a spreagadh.

**--> www.globaldimension.org.uk**

Tá an-chuid acmhainní ar an suíomh gréasáin seo. Is féidir é a chuardach de réir réimse curaclaim, ábhair agus raon aoise agus tá acmhainní don scoil ar fad ann.

**--> http://worldslargestlesson.globalgoals.org**

Ar *The World's Largest Lesson*, cuirtear daoine óga ar an eolas faoi na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, agus tá réimse ábhar teagaisc agus foghlama ann chun tacú libh sa seomra ranga.

**--> www.ubuntu.ie**

Tacaíonn Líonra Ubuntu leis an Oideachas Forbartha san Oiliúint Tosaigh do Mhúinteoirí in Éirinn. Tá an suíomh sin úsáideach freisin i gcomhair acmhainní OSD a bhaineann le hábhair ar leith.

**--> https://www.irishaid.ie**

Clár na hÉireann maidir leis an bhforbairt thar lear, atá ag obair chun an bhochtaineacht agus an t-ocras a laghdú ar domhan.

**--> www.trocaire.org/education**

Tá acmhainní curaclaim agus acmhainní téamacha ag Trócaire i nGaeilge agus i mBéarla.

**--> www.concern.net**


Tá acmhainní agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim éagsúla ag Concern d'iar-bhunscoileanna.

**--> www.youthdeved.ie**

Tá acmhainní áisiúla ag Comhairle Náisiúnta na nÓg faoi théamaí éagsúla a bhaineann le OSD.

### Bíodh an scéala is déanaí agat! Nuachtlitreacha a bhféadfá d'ainm a chlárú lena n-aghaidh:

- Development Perspectives - The SDG Challenge: Cláraigh i gcomhair an tionscadail #SDGchallenge, tionscadal 17 mí a dhíríonn ar sprioc amháin in aghaidh na míosa – seolfar pacáistí eolais chugat ar líne mar aon le heolas faoi cheardlanna agus oiliúint abhcóideachta chun tacú le gach stíl foghlama.
  **--> https://www.developmentperspectives.ie/SDGChallenge/resources.html**
  **--> stopclimatechaos.ie**
- **IDEA:** Is é Cumann na hÉireann um Oideachas Forbartha (IDEA) an líonra náisiúnta don Oideachas Forbartha in Éirinn agus is é a labhraíonn amach thar ceann na hearnála sin.
  **--> https://www.ideaonline.ie**



# NÓTAÍ

# NÓTAÍ

# NÓTAÍ

Le haghaidh tuilleadh eolais a fháil faoi Scoileanna Domhanda WorldWise agus faoi na deiseanna atá ar fáil faoin gclár do scoláirí, múinteoirí agus scoileanna chun a bheith ag gabháil don Oideachas Saoránachta Domhanda – go háirithe conas iarratas a dhéanamh ar an ngradam scoile atá againn, an Pas Domhanda – téigh go dtí an suíomh gréasáin **www.worldwiseschools.ie**

Le haghaidh acmhainní agus smaointe breise a bhaineann leis an oideachas saoránachta domhanda lena n-úsáid i ranganna Nuatheangacha Iasachta, tabhair cuairt ar developmenteducation.ie – bunachar sonraí téamacha inchuardaithe ina bhfuil ábhar ranga don Oideachas Saoránachta Domhanda ó bhlianta na luath-óige ar aghaidh. Tá acmhainní ann atá dírithe ar churaclaim éagsúla agus ar aoisghrúpaí éagsúla.

**Déan teagmháil le foireann Scoileanna Domhanda WorldWise**

Tá foireann Scoileanna Domhanda WorldWise ar fáil chun comhairle a chur oraibh agus treoir, oiliúint agus acmhainní a chur ar fáil faoin Oideachas Saoránachta Domhanda in iar-bhunscoileanna na hÉireann.

**Scoileanna Domhanda WorldWise**, Teach Dhroichead an Rí, 17-22 Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath 8

**www.worldwiseschools.ie** | **Ríomhphost.** info@worldwiseschools.ie | **Tel.** 01 685 2078

*Tá Scoileanna Domhanda WorldWise á chur i bhfeidhm ag cuibhreannas ina bhfuil Gorta-Self Help Africa, Concern Worldwide agus an tAonad um Fhorbairt Curaclaim de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath.*